Oifig an Ard-Aighne
Tuarascáil Bhliantúil 2023

Ina gcuimsítear an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm Ráiteas Straitéise 2023-2026

Clár

Brollach ón Ard-Aighne
Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

- Réamhrá
- Ról na nAbhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dlíodóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh eolais

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise

Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliaint
Sainseirbhís dlí a sholáthar trína mbaintear amach riachtanais ár gcliant

Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a fhorbairt
An bealach ina n-oibrímid agus ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach

Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a fhorbairt
A bheith inár n-oifig chomhaimseartha, shofhreagrúil agus fhuinniúil dlí agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliaint agus ár bhfoireann

Sprioc Straitéiseach 4: Tacú lenár bhfoireann
Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus oibriú go héifeachtach i gcomhar lena chéile chun seirbhís den scoth a sholáthar dár gcliaint

Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2023
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2023
- Iarscríbhinn C: Meastacháin agus Torthaí Sealadacha
- Iarscríbhinn D: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn E: Miondealú Foirne
- Iarscríbhinn F: Staitisticí Saorála Faisnéise

Brollach ón Ard-Aighne

Ba é an bhliain 2023 an chéad bhliain iomlán agam mar Ard-Aighne, i ndiaidh mo cheapacháin ar dtús ar an 17 Nollaig 2022. Dá réir sin, scríobhaim an brollach do Thuarascáil Bhliantúil na bliana seo i ndiaidh dom fónamh mar Ard-Aighne i rith na bliana atá faoi chaibidil sa Tuarascáil.

I gcaitheamh na bliana, comhlíonadh feidhm is tábhachtaí agus feidhm bhunreachtúil na hOifige i gcónaí maidir le seirbhísí dlí a chur ar fáil do chliaint de chuid an Rialtais i dtaca le raon fairsing réimsí, mar sin, is gá cur síos a dhéanamh ar shampla giorraithe den méid sin sa Tuarascáil seo. Cé nach bhfaigheann an obair chomhairleach agus dhréachtaithe seo, a tharlaíonn go laethúil, mórán airde ná moladh, is gné ríthábhachtach í i dtaca le ceapadh dlí agus beartais an Rialtais.

I mí an Mheithimh, sheol mé na Prionsabail Dlíthíochta Stáit, i ndiaidh don Rialtas iad a fhormheas. Is léiriú atá sna Prionsabail seo ar an chéad iarracht chun na caighdeáin eiticiúla a chomhdhlúthú agus a chódú ar ina n-aghaidh sin ar chóir iompar an Rialtais agus a chuid dlíodóirí a thomhas. Níl na Prionsabail ina bPrionsabail radacacha ná réabhlóideacha, agus ní raibh sé i gceist go mbeadh siad; is ráiteas iad ar an dea-chleachtas reatha. Cé gur glacadh go maith leo ar dtús, beidh an rath a bheidh ar na Prionsabail amach anseo ag brath ar iarrachtaí leanúnacha chun iad a mhíniú, iad a chur in oiriúint agus labhairt ar a son. Ar deireadh thiar, tá súil agam go n-aithneofar na Prionsabail mar thiomantas athnuaite agus poiblí an Stáit, chun breithniú agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail maidir le dul le dlíthíocht agus bainistiú a dhéanamh ar dhlíthíocht lena bhfuil baint ag an Stát.

Chomh maith leis sin, níos deireanaí i mbliana, bhí sé de phribhléid agam bheith i láthair ag cruinniú den Chomhairle Stáit agus gníomhú sa chéad tagairt Airteagal 26 le 18 mbliana anuas, nuair a atreoraíodh an cheist maidir le bunreachtúlacht an Bhille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha 2022 chuig an gCúirt Uachtarach. In éineacht le comhghleacaithe, d'éirigh leis an Stát bunreachtúlacht an Bhille a chosaint ar deireadh thiar.

Ba mhaith liom an fóram poiblí seo a úsáid chun mo bhuíochas a chur in iúl as ucht obair dhian agus tiomantas na mball foirne i ngach cuid den Oifig, ar trína lámha agus a n-aigne a dhéantar reachtaíocht an Rialtais a dhréachtú, a dhlíthíocht a bhainistiú agus ceisteanna dlí ina leith a fhreagairt.

Táim ag súil le leanúint i mbun oibre le mo chomhghleacaithe agus cliaint ar fud an Rialtais chun an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a chur ar fáil agus is féidir linn.

Rossa Fanning SC
An tArd-Aighne

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne 2023 a chur i láthair (lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) ina leagtar amach an réimse éagsúil agus méid mór oibre a cuireadh i gcrích ar fud na hOifige le linn na bliana.

Cuimsíonn an tseirbhís a chuirtear ar fáil san Oifig an raon iomlán de ghnó agus beartas an Rialtais, ar tháinig dúshláin nuálacha chun cinn ina leith sin i gcaitheamh na bliana. Sa bhliain 2023, dhéileáil an Oifig le héileamh an-shuntasach ar sheirbhísí comhairleacha dlí ónár gcliaint maidir le raon leathan agus éagsúil saincheisteanna a bhain le pointí dlí an AE, pointí dlí bunreachtúla, idirnáisiúnta agus intíre.

Dhréachtaigh an OPC méid suntasach de Bhillí Rialtais, mar aon le leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascála i ndáil le Billí a dhréachtú. Le linn na bliana, foilsíodh 37 mBille Rialtais agus achtaíodh 40 Bille Rialtais. Chomh maith leis sin, dhréachtaigh an OPC 284 gcinn de na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh sa bhliain 2023, ar bhain 43 cinn díobh le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasuí.

In Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, leanadh de shainseirbhísí aturnae a chur ar fáil, a bhain le dlíthíocht, réadmhaoin, conarthaí Rialtais agus seirbhísí idirbheartaíochta eile. San Oifig, ón tráth a seoladh na Prionsabail Dlíthíochta Stáit i mí an Mheithimh, tugadh faoi chuidiú le cliaint i ndáil leis na Prionsabail agus a gcur i bhfeidhm.

Lean an Oifig dá chlár iasachta a mhéadú agus ghlac 41 bhall foirne dlí páirt sa bhliain 2023.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na baill foirne ar fud na hOifige ar fad as ucht a ndúthracht as cuimse i dtaca leis na seirbhísí dlí a bhí ag teastáil ónár gcliaint a chur ar fáil dóibh, i gcúinsí práinneacha agus dúshlánacha cuid mhaith den am.

Damien Moloney
An tArd-Stiúrthóir

Cuid 1
An Oifig

Réamhrá

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlí an Rialtais, mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Cabhraíonn an Oifig, a chuimsíonn trí chomhghné: na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (”OAA”) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ("OPAS"), leis an Ard-Aighne comhairle dlí a chur ar fáil don Rialtas. Áirítear leis seo comhairle d'Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; dréachtú reachtaíochta; ionadaíocht an Stáit i ndlíthíocht agus comhlíonadh roinnt feidhmeanna eile, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, dá Ranna agus dá Oifigí ar an mbealach is eacnamaíche agus is éifeachtúla is féidir agus tacú le cloí le riail an dlí. Is í ár bhfís barr feabhais a spreagadh inár ndaoine, a bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí dlí agus seirbhís gan sárú a sholáthar dár gcliaint. Cosúil le haon Roinn nó Oifig eile, ní mór don Oifig iarracht a dhéanamh freisin a misean a chomhlíonadh laistigh de na hacmhainní a chuireann an tOireachtas ar fáil di.

Tá an OAA lonnaithe i dTithe an Rialtais ag Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, áit a raibh 151 ball foirne fostaithe ar an 31/12/2023. Cuimsíonn an fhoireann Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó. Tá an OPAS lonnaithe ar Shráid na gCaorach Bheag agus Lána na Seansaireachta agus bhí 358 ball foirne fostaithe ann ar an 31/12/2023, lena n-áirítear aturnaetha agus oifigigh feidhmiúcháin dlí chomh maith le foireann riaracháin agus foireann Leabharlainne agus Feasa Gnó.

Is é an tArd-Aighne príomhoifigeach dlí an Stáit agus is í an Oifig príomhoifig dlí an Stáit. Léiríonn an raon oibre san Oifig raon feidhme iomlán ghnó agus pholasaí an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne as a dtagann iarratais ar chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta príomhúla agus tánaistí agus cosaint imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheisteanna dlí a gcuirtear ina gcoinne go láidir agus atá íogair i réimsí amhail dlí an AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Cuireann an Oifig comhairle dlí tráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlíthiúla ar fáil freisin don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí i réimsí an tsoláthair phoiblí, na gconarthaí, na státchabhrach, na maoine Stáit agus na maoine intleachtúla. Tugann sí comhairle freisin ar go leor gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit amhail ceapachán, smacht agus pinsin.

Tá tuiscint dhomhain ag an Oifig ar an tseirbhís phoiblí, ar an Rialtas agus ar an bpróiseas reachtach agus ardleibhéal cuimhne chorparáideach agus feasa gnó corparáideach. Glacann sí páirt i líon mór coistí, meithleacha agus líonraí gairmiúla a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí, gairm an dlí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is gá

go n-eascraíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, agus tacaíonn cultúr agus luachanna na hOifige, chomh maith le nádúr láraithe sheirbhís dlí an Rialtais, leis an neamhspleáchas sin. Eascraíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí as ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

Mar gheall ar an ngné dhinimiciúil a bhaineann leis an obair, agus mar gheall ar dhlí na hÉireann, dlí Eorpach agus dlí idirnáisiúnta, mar aon le cúinsí agus riachtanais bheith ag athrú i gcónaí, tá Oifig fhreagrúil ag teastáil a chomhlíonann na caighdeáin ghairmiúla agus seirbhíse poiblí is airde.

Ról na nAbhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha cuidiú leis an Ard-Aighne a fheidhmeanna, a chumhachtaí agus a dhualgais a chomhlíonadh. Tá réimse na n-ábhar a chlúdaítear chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach tagann na gníomhaíochtaí féin, a bheag nó a mhór, faoi thrí chatagóir –

- soláthar comhairle dlí
- dlíthíocht a stiúradh
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Roinntear Abhcóidí Comhairleacha i gcúig shainghrúpa agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas, ag tabhairt comhairle maidir le saincheisteanna dlí i ndréachtú reachtaíochta, agus an OPAS, ag tabhairt comhairle maidir le stiúradh dlíthíochta agus ábhair chomhairleacha dlí eile. Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth freisin le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt an gcomhlíonann cinneadh nó scéim reachtach atá beartaithe ag an Rialtas forálacha an Bhunreachta, na reachtaíochta, na gConarthaí agus dhlí an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire leo.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Cuireann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais ("an ODP") seirbhís dhréachtaithe reachtaíochta ghairmiúil ar fáil don Rialtas.

Déanann saindlíodóirí an ODP (ar a dtugtar Dréachtóirí Parlaiminte) reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus roinnt reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) de chastacht agus de phráinn éagsúil

a dhréachtú chun polasaí an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht an AE a thrasuí i ndlí na hÉireann.

Tá an ODP freagrach freisin as leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) a dhréachtú ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála de dhul chun cinn Bille trí Thithe an Oireachtais.

Cuireann obair an ODP ar chumas an Rialtais a gClár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus téann an ODP i ndlúthchaidreamh le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tosaíocht dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar an ODP agus tá sí roinnte i gceithre ghrúpa dréachtaithe. Tá dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla don 18 Roinn roinnte i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus tá gach aon ghrúpa freagrach as reachtaíocht a dhréachtú do Ranna faoi leith.

Cuirtear oiliúint go hardleibhéal ar Dhréachtóirí Parlaiminte sa disciplín maidir le reachtaíocht a dhréachtú, reachtaíocht nach mór di polasaí an Rialtais a léiriú, a bheith fónta ó thaobh an Bhunreachta de, an córas dlí níos leithne a chur san áireamh agus a bheith soiléir agus éifeachtach.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is í an OPAS príomhsholáthraí na Seirbhísí Aturnae don Ard-Aighne agus don Rialtas. Cuireann an OPAS raon leathan seirbhísí dlí ar fáil don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí, ar fud cúig Rannán dlí - an Rannán Dlí Riaracháin; an Rannán um an Dlí Tráchtála & Fostaíochta; an Rannán Dlíthíochta Bunreachtúil & Stáit; an Rannán Dlí agus Cirt; agus an Rannán Maoine Stáit. Cuirtear seirbhís dlí iomlán aturnae comhairleach, dlíthíochta agus idirbheartaíochta ar fáil thar raon leathan réimsí lena n-áirítear:

- dlíthíocht bhunreachtúil, shibhialta agus tráchtála a bhaineann le Ranna Rialtais, Oifigí Rialtais agus an Garda Síochána
- athbhreithniú breithiúnach (ginearálta agus a bhaineann le hinimirce agus tearmann)
- an dlí comhshaoil agus pleanála
- ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát os comhair na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Ginearálta agus na Cúirte Eorpaí um Chomhlachas Saorthrádála
- eiseachadadh, Barántas Gabhála Eorpach agus dlíthíocht Cúnaimh Fhrithpháirtigh
- an dlí fostaíochta
- ionchoisní agus Ionchúisimh ón Aire
- airgead calaoiseach nó airgead a fuarthas go coiriúil a aisghabháil
- éilimh thortacha

- iarratais habeas corpus
- ionadaíocht a dhéanamh do chliaint i gcomhréitigh agus in eadrána agus os comhair Binsí Fiosrúcháin agus Coimisiúin Imscrúdaithe
- seirbhís tíolactha idirbheartaíochta do Ranna Rialtais agus don OOP
- léasú agus ceadúnú tráchtála agus cúrsaí tiarnaí talún agus tionóntaí
- urrús ar mhaoin chun infheistíochtaí caipitil an Stáit a chosaint
- maoin réadach agus phearsanta a chineachadh chuig an Stát faoin Acht Maoine Stáit,1954, agus faoin Acht Comharbais, 1965
- an dlí soláthair poiblí
- an dlí tráchtála

Dlíodóirí ar Iasacht

Ar an 31/12/2023 bhí 34 Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar Chomhairleoirí Dlí intí chuig 16 Roinn Rialtais. Ina theannta sin, tugadh Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht do Bhuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach. Tá baint ag Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht le gach mórcheist dlí laistigh de Ranna agus cuireann siad comhairle dlí ar fáil go díreach do Ranna. Feidhmíonn siad mar nasc idir an Roinn agus an Oifig.

Sa bhliain 2023, tugadh 7 n-aturnae ar iasacht ó OPAS ar an dóigh seo an leanas;

1. An Coimisiún Eorpach - Clár NEPT
2. An Roinn Cosanta
3. An Roinn Oideachais
4. An Roinn Dlí agus Cirt - An Binse um Nochtuithe
5. An Roinn Dlí agus Cirt - An Coimisiún Imscrúdúcháin Thoir Theas (Coimisiún Hickson roimhe seo)
6. An Roinn Dlí agus Cirt - Ionchoisne Stardust
7. Roinn an Taoisigh - Coimisiún Imscrúdúcháin IBRC

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Maoinítear an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí go hiomlán trí dheontas ó vóta an OAA[1]. Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí iarmhartacha a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách. Cuirtear clár an Choimisiúin i gcrích go príomha faoi chlár athchóirithe dlí atá faofa ag an Rialtas. Oibríonn an Coimisiún freisin ar ábhair shonracha a chuireann an tArd-Aighne faoina bhráid faoi Acht 1975.

[1]Airgead do sheirbhísí an OAA a vótálann an Dáil ar bhonn bliantúil.

Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Oifig, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreáin gréasáin ag: Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuid 2
Baint Amach Spriocanna Straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise[2]

[2]Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2023-2026

Sprioc Straitéiseach 1: Freastal ar ár gcliaint

Sainseirbhís dlí a sholáthar trína mbaintear amach riachtanais ár gcliant

Cuspóir 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar trína mbaintear amach riachtanais ár gcliant

Is iad príomhróil na nAbhcóidí Comhairleacha comhairle dlí a chur ar fáil – lena n-áirítear comhairle ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i Ranna ar fud an Rialtais, agus comhairle dlí maidir le reachtaíocht a dhréachtú agus maidir le dlíthíocht a stiúradh. Tugadh faoi méid suntasach d'obair chomhairleach le linn na bliana agus tá sampla den obair a rinneadh faoi gach ceann de na ceannteidil seo leagtha amach thíos.

Samplaí den chomhairle dlí a tugadh do Ranna agus Oifigí cliaint

Cuireadh comhairle ar fáil maidir le saincheisteanna éagsúla roimh ghlacadh na Comhdhála Taidhleoireachta ar mar gheall air sin a glacadh an Chomhdháil Liúibleána - An Háig maidir le Comhoibriú Idirnáisiúnta i ndáil le Coir an Chinedhíothaithe, Coireanna in aghaidh an Chine Daonna, Coireanna Cogaidh agus Coireanna Idirnáisiúnta eile a Imscrúdú agus a Ionchúiseamh.

Ghlac an Oifig páirt in athbhreithniú an Rialtais ar Phrótacal 21 den Chonradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh agus chuir an Oifig cnuasach comhairle ar fáil ina leith sin. Baineann Prótacal 21 le hinniúlacht an AE chun reachtaíocht a mholadh maidir le tearmann, inimirce, ceartas sibhialta agus coiriúil, agus comhar póilíneachta (ar a dtugtar an Limistéar Saoirse, Slándála & Ceartais).

Chomh maith leis sin, cuireadh comhairle ar fáil maidir le roinnt ceisteanna éagsúla a bhaineann le tithíocht d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar chlár beartais an Rialtais i ndáil le tithíocht a bhaint amach.

Samplaí de chomhairle dlí maidir le dlíthíocht *(féach freisin Cuspóir 4 thíos maidir le dlíthíocht a bhainistiú)*

McGee v Gobharnóir Phríosún an Láir Tíre, Éire agus an tArd-Aighne

Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas an 25 Bealtaine 2023 lenar caitheadh amach achomharc an achomharcóir agus lenar dearbhaíodh an tOrdú ón Ard-Chúirt gur coisceadh éileamh an achomharcóra le a.11(2) de Reacht na dTréimhsí 1957 ("an Reacht").

Lorg an t-achomharcóir damáistí as ucht sárú ar a chearta bunreachtúla mar gheall go raibh air tabhairt faoi 'fualán a fholmhú' sa phríosún. Is é an tsaincheist deiridh sa chás seo, de réir mar a cuireadh síos air sa Chúirt Uachtarach, ná cé acu atá nó nach bhfuil an t-éileamh Meskell íon, mar a thugtar air, ina éileamh atá "bunaithe ar thort" ionas go bhfuil feidhm ag forálacha a. 11(2) den Reacht. Tá sé cruthaithe thar amhras anois san Chúirt Uachtarach go dtagann éileamh den chineál a bhí ag Meskell do dhamáistí as ucht sárú ar chearta bunreachtúla laistigh de raon a. 11(2). Ba bhreithiúnas suntasach é sin don Stát.

Alan Harte v. Coiste Rialacha na nUaschúirteanna & Eile

Ciontaíodh an tUasal Harte agus gearradh 30 bliain príosúnachta air sa Chúirt Choiriúil Speisialta as ucht príosúnú neamhdhleathach agus ionsaí (Kevin Lunny ó Quinn Insurance). Thug sé Athbhreithniú Breithiúnach lenar ceistíodh bunreachtúlacht na Cúirte Coiriúla Speisialta agus a rialacha nóis imeachta, ach dhearbhaigh an Ard-Chúirt gur go ródhéanach a tugadh na himeachtaí sin, i bhfianaise na srianta ama i Rialacha na nUaschúirteanna, arna leagan amach ag Coiste Rialacha na nUaschúirteanna. Ina dhiaidh sin, cheistigh an tUasal Harte bunreachtúlacht na srianta ama sin, a mbeadh iarmhairtí suntasacha agus fairsinge i gceist dá n-éireodh leis sin. I mí Aibreáin 2023, díbheadh go cuimsitheach san Ard-Chúirt (Hyland J.) na faoisimh ar fad a bhí á lorg ag an Uasal Harte, agus bronnadh dámhachtain costas ina aghaidh. Rinne an tUasal Harte iarracht chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an bhreithiúnais sin go díreach chuig an gCúirt Uachtarach, ach dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach dá iarratas ar gach foras.

Samplaí de chomhairle dlí maidir le reachtaíocht
D'oibrigh Abhcóidí Comhairleacha go dlúth lena gcomhghleacaithe, na Dréachtóirí Parlaiminte, agus reachtaíocht á hullmhú acu in 2023, ag soláthar comhairle dlí, nuair a iarradh sin, ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn. Áiríodh leis sin an phríomhchomhairle dlí maidir le Billí suntasacha a luaitear thíos faoi Chuspóir 2 maidir le sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta an ODP. Léiríonn an comhoibriú seo idir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte ar reachtaíocht an bealach

a n-oibríonn na grúpaí éagsúla laistigh den Oifig gan stró chun seirbhís atá de shíor ar ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas.

Leis an **Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023**, tugadh isteach raon leasuithe maidir le líon Achtanna, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil 1993 agus an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1993 lena chinntiú go mbeadh an Chúirt Achomhairc in ann déileáil mar is ceart le ciontóirí ar leanbh iad a bhfuil aois 18 mbliana bainte amach acu sula gcinntear a n-achomharc. Chomh maith leis sin, is leis an Acht sin a leasaíodh an *Offences against the Person Act 1861* agus an tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 i ndáil leis na cionta maidir le comhcheilg chun dúnmharú a dhéanamh faoi na hAchtanna sin.

Leis an **Acht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta), 2023**, cuirtear i bhfeidhm Creat-Chinneadh 2008/909/JHA an AE maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breitheanna i gceisteanna coiriúla lena ngearrtar pianbhreitheanna coimeádta nó bearta lena mbaineann cailleadh saoirse d'fhonn iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach, agus is leis an Acht freisin a leasaítear an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

Rinneadh an reachtaíocht a bhaineann le Barántais Ghabhála Eorpacha a nuashonrú agus a mhéadú lena chinntiú go gcomhlíonann Éire go hiomlán reachtaíocht an AE, ábharthacht cásdlí, agus forbairtí teicniúla a tharla le linn na tréimhse fiche bliain ó chuaigh an Stát isteach sa chóras EAW.

Leis an m**Bille um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023**, leasaítear córas na bpointí pionóis chun aghaidh a thabhairt ar roinnt aimhrialtachtaí, roinnt teorainneacha luais réamhshocraithe a laghdú, roinnt rialacha a leasú maidir le tástáil a dhéanamh do dheochanna meisciúla chun foráil a dhéanamh do thástáil do dhrugaí chun ailíniú le rialacha reatha maidir le tástáil d'alcól mar aon le roinnt leasuithe teicniúla éagsúla a dhéanamh. Bille tosaíochta a bhí anseo a raibh soláthar comhairle phráinneach ag teastáil ina leith.

Tugadh comhairle ón Oifig maidir le **Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023**, a achtaíodh sa bhliain 2023, inar déileáladh le saincheisteanna ceannródaíocha maidir le teicneolaíocht agus an dlí. Leis an Acht, rialaítear na cumhachtaí atá ag an gGarda Síochána chun úsáid a bhaint as Teicneolaíocht Aitheanta Uimhirphlátaí Uathoibríoch, TCI agus ceamaraí éide ina gcuid feidhmeanna forfheidhmithe dlí.

Cuireadh comhairle dlí ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar an **Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023** a achtú, lena dtugtar éifeacht do Threoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre agus

saoil do thuismitheoirí agus cúramóirí agus lena leasaítear an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 chun foráil a dhéanamh don teidlíocht atá ag roinnt fostaithe saoire a ghlacadh le haghaidh cúram leighis agus do shaoire um fhoréigean baile agus chun socruithe oibre solúbtha a iarraidh chun críocha cúraim. Chomh maith leis sin, déantar foráil ann don teidlíocht atá ag fostaithe socruithe cianoibre a iarraidh.

Foilsíodh an **Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023** i mí na Samhna 2023 mar chuid de Chlár an Rialtais a chur i gcrích. Tá níos mó ná 700 leathanach sa Bhille agus tá sé ar cheann de na píosaí reachtaíochta is mó i stair an Stáit. Áirítear le roinnt de na leasuithe barrtháibhachtacha comhsheasmhacht níos fearr agus ailíniú ar fud gach céim pleanála; athstruchtúrú agus acmhainní suntasacha don Bhord Pleanála, a athainmneofar mar An Coimisiún Pleanála; cinnteacht níos fearr ar fud an chórais phleanála trí amlínte reachtaíochta do chinnteoireacht a thabhairt isteach, lena n-áirítear don Choimisiún Pleanála den chéad uair; Pleananna Forbartha straitéiseacha nua deich mbliana d'Údaráis Áitiúla agus athchóiriú a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach i ndáil le pleanáil.

Tá an Bille seo ina Bhille cinniúnach ó thaobh tábhachta de i ndáil le beagnach gach gné de shaol daoine idir bonneagar agus caomhnú agus aghaidh a thabhairt ar an aistriú aeráide.

Ritheadh an **Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2022** ag dhá Theach an Oireachtais ar an 4 Deireadh Fómhair 2023 agus cuireadh é faoi bhráid an Uachtaráin ina dhiaidh sin i gcomhréir le forálacha an Bhunreachta. Ar an 13 Deireadh Fómhair 2023, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit, chinn an tUachtarán an Bille a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach faoi Airteagal 26 den Bhunreacht. Tugadh breithiúnas ón gCúirt Uachtarach i mí na Nollag 2023 go bhfuil an Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha 2022 faoi réir an bhunreachta.

Tá an córas um cheapacháin bhreithiúnacha in Éirinn ina meicníocht ríthábhachtach chun sprioc an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a bhaint amach ar gné lárnach é de chreat bunreachtúil na hÉireann, agus chun tacú le riail an dlí agus leis an mBille, déanfar athchóiriú ar an gcóras um cheapacháin bhreithiúnacha in Éirinn.

Cuspóir 2: Sainseirbhís dréachtaithe dlí a chur ar fáil trína dtugtar éifeacht do bheartas an Rialtais

Dhréachtaigh ODP reachtaíocht phríomha agus thánaisteach chun éifeacht a thabhairt don bheartas reachtaíochta arna leagan síos ag an Rialtas, i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí an Stáit, lenar áiríodh méid mór reachtaíochta casta lena dtugtar aghaidh ar raon leathan saincheisteanna.

Dhréachtaigh ODP líon suntasach Billí Rialtais le linn 2023. Foilsíodh 37 mBille Rialtais (a liostaítear in Iarscríbhinn A), agus achtaíodh 40 Bille Rialtais (a liostaítear in Iarscríbhinn B). Chomh maith leis sin, dhréachtaigh ODP leasuithe Chéim an Choiste agus na Tuarascála i ndáil le Billí Rialtais. Dhréachtaigh ODP 284 gcinn de na hionstraimí reachtúla a rinneadh sa bhliain 2023, lena n-áirítear 43 cinn díobh chun críocha bearta an Aontais Eorpaigh a thrasuí i ndlí na hÉireann.

Ghlac ODP páirt ghníomhach i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, trí thuarascálacha a chur ar fáil go rialta inar mionsonraíodh dul chun cinn maidir le Billí tosaíochta agus Billí eile a dhréachtú. Tríd an tuairisciú seo, cuireadh ar chumas an Choiste cur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais a bhainistiú, faireachán a dhéanamh air, agus é a mhaoirsiú. Thug ODP eolas rialta don Ard-Aighne (atá ina bhall, agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe, de Choiste Reachtaíochta an Rialtais) maidir le dul chun cinn dréachtreachtaíochta agus saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn an phróisis dréachtaithe

Chomh maith leis sin, chuaigh ODP i dteagmháil le cliaint-Ranna maidir le tionscadail dréachtaithe a phleanáil, a bainistiú, agus a chur in ord tosaíochta, lenar áiríodh Billí tosaíochta agus dréachtreachtaíocht eile a bhí ag teastáil uathu, go háirithe i gcomhthéacs an clár reachtaíochta a leagan síos.

Samplaí de reachtaíocht le linn 2023

Tugann na samplaí seo a leanas breac-chuntas ar reachtaíocht shuntasach a dhréachtaigh ODP le linn 2023.

Leis an m**Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2023,** foráiltear don athchóiriú is cuimsithí den Gharda Síochána agus de phóilíneacht sa Stát le scaitheamh, lena mbaineann rialachas in an Garda Síochána, maoirseacht ar an gGarda Síochána, agus cuntasacht an Gharda Síochána a neartú. Chomh maith leis sin, rinneadh foráil do líon comhlachtaí agus struchtúir a bhunú, lena n-áirítear an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, compháirtíochtaí sábháilteachta pobail áitiúla, an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála, agus dá gcuid feidhmeanna.

Leis an **Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023**, foráiltear do Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a bhunú agus d'iarratais a dhéanamh chuig an gCoimisiún sin chun bheith molta i leith ceapacháin, nó chun bheith ainmnithe i leith ceapacháin nó i leith tofa, chuig oifig bhreithiúnach, lasmuigh nó laistigh den Stát. Déantar foráil ann go ndéanfadh an Coimisiún moltaí maidir le ceapachán nó ainmniúchán dá leithéid bunaithe ar bhua. Chomh maith leis sin,

foráiltear leis an Acht go mbunófaí Oifig Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha agus do dhíscaoileadh an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

Acht tábhachtach lena rialaítear an earnáil chumarsáide is ea an **Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023**, (lena dtugtar éifeacht bhreise don Treoir 2018/1972 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach). Déantar foráil ann do smachtbhannaí riaracháin is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha rialála. Déantar foráil shonrach san Acht i ndáil le slándáil líonraí agus seirbhísí agus i ndáil le díoltóirí comhpháirteanna ríthábhachtacha a úsáidtear chun líonraí agus seirbhísí a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, déantar foráil do líon bearta chun cuidiú le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile, lena n-áirítear caighdeáin do cháilíocht seirbhíse agus cairteanna do chustaiméirí i ndáil le soláthraithe seirbhisí rochtana idirlín agus soláthraithe cumarsáid idirphearsanta atá ar fáil go poiblí mar aon le nósanna imeachta chun gearáin agus aighnis a réiteach maidir le fánaíocht.

Acht tábhachtach le teacht in ionad, agus lena nuashonraítear rialáil i réimse na séadchomharthaí náisiúnta agus na hoidhreachta seandálaíochta is ea Codanna 1 - 12 den **Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023**, lena bhforáiltear d'aisghairm Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 agus forálacha a chur ina n-ionad chun oidhreacht stairiúil a chosaint agus oidhreacht sheandálaíochta a chosaint. Leis an Acht, tugtar éifeacht do Threoir EIA agus don Treoir um Ghnáthóga i ndáil le hoibreacha a chur i gcrích ag séadchomharthaí, ar shéadchomharthaí, i séadchomharthaí, faoi shéadchomharthaí, i dtreo séadchomharthaí nó laistigh de gharthimpeallactaí séadchomharthaí agus tugtar éifeacht bhreise don Choinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Coinbhinsiún Valletta).

Reachtaíocht éigeandála a bhí san **Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Giniúint Éigeandála Leictreachais) (Leasú), 2023**, a dréachtaíodh agus a achtaíodh laistigh de sheachtain chun an **Acht um Fhorbairt (Giniúint Éigeandála Leictreachais), 2022** a chomhlánú. Leis an Acht, díchuirtear an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus bunaítear próiseas toilithe forbartha nua atá bunaithe ar mheasúnú malartach arna chur i gcrích ag an mBord Pleanála. Déantar an tAcht a fhorlíonadh le Rialacháin chasta ina leagtar amach mionsonraí an chórais iarratais agus measúnaithe saincheaptha do na tionscadail éigeandála seo.

Leis an **Acht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníoc Dlúthpháirtíochta Sealadach), 2023**, agus leis an **Acht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Uasteorainn le hIoncaim Mhargaidh), 2023**, tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle maidir le hidirghabháil

éigeandála chun dul i ngleic le hardphraghsanna fuinnimh trí fhoráil a dhéanamh do ranníocaíocht dlúthpháirtíochta sealadach atá le híoc ag cuideachtaí a bhfuil gníomhaíochtaí ar bun acu san earnáil bhreosla iontaise le linn na mblianta 2022 agus 2023 agus trí uasteorainn a chur le hioncaim mhargaidh gineadóirí leictreachais áirithe d'ioncaim ó mhí na Nollag 2022 go mí an Mheithimh 2023.

Leis an **Acht um Chostais Leictreachais (Bearta Éigeandála) i leith Cuntais Tí, 2023**, rinneadh foráil do scéim deontas do thomhaltóirí leictreachais tís.

Leis an m**Bille um Sheirbhísí Digiteacha, 2023**, tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha. Leis an mBille, ainmníodh Coimisiún na Meán mar údarás inniúil, ar a dtugtar an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus tugadh cumhachtaí dó maidir leis an Rialachán um Sheirbhísí Digiteacha a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú.

Bhí Bille suntasach amháin i gceist a bhain leis an réimse toghchánach. Leis an m**Bille Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023**, rinneadh foráil do bhunú oifige do mhéara dírthofa i ndáil leis an limistéar riaracháin de chuid údaráis áitiúil ar leith (Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh) agus aistríodh líon suntasach feidhmeanna chuig an méara.

Leis an **Acht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023**, rinneadh athruithe suntasacha ar an gcód um thrácht ar bhóithre sna réimsí a bhaineann le ceadúnais tiomána, lena n-áirítear réimsí ina ndéantar orduithe díbeartha, oibleagáidí atá ar árachóirí maidir le faisnéis a chur ar fáil d'idirghabhálaithe, na cumhachtaí atá an na Gardaí i gcás ina bhfuiltear in amhras faoi thiomáint chontúirteach, dícháiliú teagascóirí tiomána áirithe agus rialú a dhéanamh ar iompróirí pearsanta cumhachtaithe agus gnáthrothair.

Cuimsíonn an **Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023**, 541 alt, i 22 Cuid agus 6 Sceideal. Leis na mBille, foráiltear do phróisis agus nósanna imeachta d'ordlathas pleananna forbartha, toilithe forbartha agus nósanna imeachta d'iarratais ar cheadanna. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an Bille forbairt Údaráis Áitiúil agus Údaráis Stáit, forbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, measúnuithe comhshaoil, straitéis agus soláthar tithíochta, gnéithe poiblí a bhaineann le forbairtí áirithe, conláistí, athbhreithniú breithiúnach, oidhreacht ailtireachta, forfheidhmiú, achomhairc, cláir phleanála, tógáil éigeantach, cúiteamh, imeachtaí agus aonaigh shiamsaíochta, An Coimisiún Pleanála, Oifig an Rialálaí Pleanála, forálacha airgeadais agus criosanna forbartha straitéisí agus forbartha uirbí.

I réimse na seirbhísí airgeadais, foráiltear le h**Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023**, do fhreagracht agus cuntasacht fheidhmiúcháin bhreise,

cód iompair, smachtbhannaí i leith sáruithe agus dualgas freagrachta ar oifigigh fheidhmiúcháin shinsireacha chun céimeanna réasúnta a ghlacadh lena chinntiú nach dtarlaíonn sáruithe.

I réimse na heitice, tá sé mar aidhm leis an **Acht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú), 2023**, comhlíonadh agus forfheidhmiú a neartú, lena n-áirítear an fhoráil maidir le 'suaimhniú', agus trí chlásal 'frithsheachanta' agus foráiltear do smachtbhannaí airgeadais riaracháin, lena n-áirítear smachtbhannaí as ucht foráil maidir le 'suaimhniú' a shárú.

Leis an **Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023**, foráiltear do bhunú an Rialálaí Agraibhia (the Agri Food Regulator), arb é an phríomhfheidhm atá leis cothromaíocht agus trédhearcacht a chur chun cinn i slabhra an tsoláthair talamhaíochta agus bia.

Leis an **Acht fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, 2023**, foráiltear do ghníomhaireacht nua a bhunú ar a bhfuil freagracht foriomlán as tacaíocht a thabhairt do chóiríocht tearmainn agus seirbhísí eile a chur ar fáil d'íospartaigh i dtaca le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe agus é sin a mhaoirsiú, agus chun straitéisí, taighde agus feachtais feasachta rialtais a chomhordú d'fhonn minicíocht foréigean dá leithéid a laghdú.

Leis an m**Bille Sláinte (Seirbhísí Foirceanta Toirchis) (Criosanna Rochtana Sábháilte), 2023**, foráiltear do chriosanna sábháilte 100 méadar a ainmniú thart timpeall áitribh chúraim sláinte áirithe ina mbeidh cosc ar iompraíocht atá dírithe ar bhac a chur ar rochtain ar sheirbhísí foirceanta toirchis nó ar thionchar a imirt ar chinntí ina leith sin.

Cuspóir 3: Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith cuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár gcliant i réimsí na tíolactha, maoine, soláthair phoiblí agus dlí tráchtála

Sa mhéid seo a leanas, tugtar roinnt samplaí suntasacha d'obair thráchtála agus d'obair a bhaineann le réadmhaoin agus de thionscnaimh eile ar thug OPAS fúthu.

D'fhonn seachadadh seirbhíse barrmhaith a chinntiú, rinne OPAS athstruchtúrú ar a cuid oibríochtaí sa bhliain 2023 trí Rannóg aonair um Dhlí an tSoláthair Phoiblí agus Rannóg aonair um an Dlí Tráchtála a bhunú, a bhfuil gach aon cheann díobh leagtha amach chun díriú ar an méadú atá ag teacht ar riachtanais ár gcliant a chomhlíonadh

maidir le sainchomhairle a fháil i dtaca leis na réimsí sin. Bhuaigh OPAS Foireann Dlí Tráchtála na bliana ag Gradaim Dlí na hÉireann sa bhliain 2023 agus tá bail mhaith ar an dá Rannóg nua chun forbairt a dhéanamh ar an rath sin agus príomhchuspóirí ár gcliant a bhaint amach a chumasú tuilleadh.

Sa bhliain 2023, láimhseáil OPAS obair chonarthach agus obair a bhain le soláthar i raon leathan réimsí, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, iompar, tionscadail bhonneagair agus acmhainní nádúrtha. Go háirithe, thugamar comhairle fhairsing don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcaitheamh na bliana maidir le soláthar ríthábhachtach ionad cóiríochta agus seirbhísí do theifigh ón Úcráin agus d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, d'oibríomar i gcónaí leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i dtaca leis an bpróiseas chun Toilithe Limistéir Mhuirí (MACanna) a dheonú ar tríothu sin a éascófar tionscadail fuinnimh amach ón gcósta. Mar gheall air sin, deonaíodh an chéad sé MAC i mí na Nollag 2023.

Lean OPAS de chomhairle agus tacaíochta a thabhairt do réimse cliant i dtaca le gnéithe éagsúla den dlí talún. Áiríodh le tionscadail bharrthábhachtacha na bliana 2023 suíomhanna scoile a fháil ar fud an Stáit mar chuid den Chlár Tógála Scoileanna ón Roinn Oideachais agus an creat dlí nach mór a leagan amach don ghné léasa a bhaineann leis an gcalafort nua atá á fhorbairt ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn ag Críochfort 7, Eorafort Ros Láir.

In 2023, chríochnaigh OPAS líon de riaracháin ar eastáit thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus tarchuireadh na glaneastáit chuig an Státchiste; a raibh luach níos mó ná €600,000 i gceist maidir le heastát amháin. Cuirtear maoiniú Státchiste de €100m ar a laghad ar fáil faoin gCiste d'Infreastruchtúir Spóirt ar Mhórscála thar an tréimhse 2019 go 2027; leithdháileadh thart ar 40% go dtí seo.

Lean OPAS de thacaíocht agus comhairle a thabhairt don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil leis an soláthar cóiríochta éigeandála do thairbhithe na cosanta sealadaí ón Úcráin. I measc na n-idirbheart barrthábhachtach, áirítear tabhairt chun críche ceadúnais don Ionad Fernbank i Luimneach, agus ceadúnas forlíontach eile don tsaoráid Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24.

Cuspóir 4: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha

Áirítear an méid seo a leanas leis an dlíthíocht shuntasach inar ghlac OPAS páirt le linn na bliana 2023.

Little v Príomhoifigeach Achomhairc, An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh agus an tAire Coimirce Sóisialaí [2023] IESC 25, Woulfe J
Bhain na himeachtaí seo sa Chúirt Uachtarach le hachomharc a dhéanamh ar chinneadh Ard-Chúirte inar caitheadh amach agóid in aghaidh oifigeach achomhairc leasa shóisialaigh maidir le diúltú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh maidir le hiarratas ar liúntas cúraim baile (LCB) bunaithe ar fhianaise breise i dtaca le hincháilitheacht. Maidir leis an bhfianaise ábhartha "tháinig ann don fhianaise beagnach trí bliana i ndiaidh an iarratais bhunaidh ar LCB".

Caitheadh an t-achomharc amach sa Chúirt Uachtarach toisc, inter alia, nach bhféadfaí an cur chuige don léirmhíniú ar Alt 137(1)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 arna mholadh ag an Achomharcóir a réiteach le teanga, struchtúr agus comhthéacs na bhforálacha reachtúla ábhartha. Dearbhaíodh sa Chúirt Uachtarach an tuairim a léiríodh san Ard-Chúirt go mbaineann ceist na hincháilitheachta ar liúntas i gcónaí leis an tráth a rinneadh an chéad éileamh.

Heneghan v An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Rialtas na hÉireann, an tArd-Aighne agus Éire [2023] IESC 7, Charleton J.
Eisíodh na himeachtaí seo sa Chúirt Uachtarach ó chéimí UL a mhaígh gur chóir go mbeadh sé i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin de chuid Sheanad Éireann faoin bpainéal ollscoile agus gairme. D'fhógair an Chúirt Uachtarach go raibh ailt áirithe d'Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937 neamhbhailí mar gheall ar neamhréireacht leis an mBunreacht. Ina dhiaidh sin, dheonaigh an Chúirt Uachtarach ordú inar cuireadh an fhógairt um neamhbhunreachtúlacht ar fionraí go dtí an 31 Bealtaine 2025.

Odum agus Eile v An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais [2023] IESC 26, O'Donnell CJ
Dearbhaíodh d'aon ghuth leis an achomharc "cliobógach" seo chuig an gCúirt Uachtarach go bhfuil cearta ag leanaí nach saoránaigh iad ar chúram agus cuideachta a dtuismitheora agus go bhféadfadh an cinneadh an tuismitheoir a dhíbirt cur isteach ar na cearta sin. Mar sin féin, dearbhaíodh d'aon ghuth sa Chúirt Uachtarach, chun seasamh le cinneadh na hArd-Chúirte, bunaithe ar fhíricí aonair an cháis seo, nach raibh aon fianaise ar chaidreamh fónta idir an tuismitheoir is Achomharcóir agus a gcuid leanaí le go mbunófaí sárú ar an gceart seo. Chinn an Chúirt go gcaithfeadh sé go mbeadh gnéithe a oibreodh chun bac a chur ar dhíbirt

na ndaoine sin nach raibh aon cheart acu bheith sa dlínse a bheith fíorthromchúiseach agus "go hiomlán eisceachtúil" de réir sainmhínithe. Tríd an gcás seo, tugadh soiléire a bhí ag teastáil maidir leis na cearta teaghlaigh atá ag daoine nach saoránaigh iad agus maidir leis an dóigh a mbreithneofar saincheisteanna dá leithéid amach anseo.

MM v An Binse um Achomhairc Idirnáisiúnta agus an tAire Dlí agus Cirt [2023] IECA 290, Ní Raifeartaigh J

Bhain na himeachtaí seo sa Chúirt Achomhairc le hachomharc a dhéanamh ar iarraidh ar "gabháil ar ais" de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus leis an gceist maidir leis na cúinsí ina gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 18(1)(d). Rinne údaráis na hÉireann iarratas chuig an tSualainn agus chuig an RA chun an t-achomharcóir a "ghabháil ar ais" de bhun Rialachán Bhaile Átha Cliath III, ar ghlac an tSualainn leis. Rinneadh achomharc chuig IPAT i gcoinne an chinnidh an t-achomharcóir a aistriú chuig an tSualainn agus sheas IPAT leis an gcinneadh. Caitheadh an t-achomharc seo amach sa Chúirt Achomhairc ar na forais, inter alia, go gcaithfeadh sé gur chinn an tSualainn, go hintuigthe nó go follasach, go raibh sé de fhreagracht uirthi scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, agus murach sin, ní thabharfadh sí faoin bpróiseas scrúdaithe. Dá réir sin, chinn an Chúirt Achomhairc gur chomhlíon sé seo ceanglas Airteagail 23 agus 18(1)(b)-(d) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

Thug OPAS tacaíocht don Gharda Síochána sna réimsí maidir le dlíthíocht i ndáil le díobhálacha pearsanta, mar aon le comhairle agus ionadaíocht ag fiosrúcháin phoiblí. Chuir OPAS ionadaíocht ar fáil do Choimisinéir na nGardaí roimh ionchoisne Stardust, arb é sin an t-ionchoisne is faide atá ar bun sa Stát go dtí seo.

Chomh maith leis sin, leanadh de chuidiú agus tacaíocht a thabhairt do chliaint i dtaca le comhoibriú idirnáisiúnta maidir le coireacht trasteorann chun oibleagáidí an Stáit a chomhlíonadh maidir le tacaíocht a thabhairt chun daoine aonair a bhfuil páirt acu i bhfuadach leanaí, cibearchoireacht agus coireacht eagraithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chiontú tríd an mBarántas Gabhála Eorpach (EAW), creata do Chúnamh Frithpháirteach agus eiseachadadh tríú tír.

Mar gheall ar an bpléascadh sa Chraoslach i nDún na nGall i mí Dheireadh Fómhair 2022, rinneadh an chéad iarratas riamh chun na hArd-Chúirte chun síneadh a chur le caomhnú láithreach níos faide ná an tréimhse 7 lá atá ar fáil os comhair na Cúirte Dúiche, le tacaíocht ó thuarascálacha teicniúla saineolaíocha ó líon saineolaithe a raibh baint acu leis an imscrúdú ilghníomhaireachta.

Rinne OPAS ionadaíocht ar an Stát i ndáil le stiúir a ghlacadh ar chásanna eiseachadta CJEU maidir le hAirteagal 6 den ECHR i gcomhthéacs ciontú in absentia

agus an tionchar ar chearta bunúsacha daonna (LH& PH v An tAire Dlí agus Cirt C514/21 &C515/21).

Cuspóir 5: I bhfianaise forbairtí a ghluaiseann go tapa ar leibhéal an AE, seirbhís bhreisithe dlí AE a chur ar fáil dár gcliaint

Gearrann seirbhís dlí an Aontais Eorpaigh ar fud na dtrí chomhghné den Oifig, le hionchur comhairleach in idirbheartaíocht dlí nua, a ionchorprú i ndlí agus i ndlíthíocht na hÉireann, agus dréachtaíonn ODP reachtaíocht na hÉireann chun éifeacht a thabhairt do dhlí an AE agus déanann OPAS bainistiú ar dhlíthíocht, lena n-áirítear i gcás ina ndéanann Éire idirghabháil ag cúirteanna an AE ar chásanna a bhaineann le ballstáit eile.

Rinne an Stát idirghabháil i líon Tagairtí Airteagal 267 a bhí ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais. Go háirithe, áirítear leis seo líon tagairtí maidir le cosaint sonraí ó Chúirteanna bhallstáit éagsúla an AE. Táthar ag súil le breitheanna ón gCúirt Bhreithiúnais sna míonna atá amach romhainn.

Le linn 2023, rinne OPAS anailís agus achoimre ar 425 réamhthagairt chuig cúirteanna na hEorpa faoi Airteagal 267 agus scríobh OPAS chuig Ranna agus Oifigí Rialtais ábhartha ina leith sin. Chuaigh OPAS i dteagmháil leis na Ranna ina dhiaidh sin chun cinneadh a fháil maidir le gach aon chomhad lena dhearbhú cé acu a bhí idirghabháil sna cásanna ag teastáil nó nach raibh. Ina theannta sin, d'fhonn aird a tharraingt ar fhéidearthacht na hidirghabhála i gcineálacha eile de dhlíthíocht an AE, scaip OPAS na hachoimrí ar na cásanna a chuirtear in airde in Iris Oifigiúil an AE gach aon tseachtain.

Rinne Éire idirghabháil sa chás **C-333/22 CJEU de Chuideachta Eorpach Ard-Sraithe.** Bhí sé i gceist ag an gCuideachta Eorpach Ard-Sraithe comórtas peile nua a chur ar bun. Bhagair FIFA agus UEFA smachtbhannaí a ghearradh ar chlubanna agus imreoirí a d'fhéadfadh cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh. Chinn CJEU i gcás go bhfuil mórchumhacht ag gnóthas na coinníollacha ina bhféadfaí an fháil atá ag gnóthais iomaíocha ionchasacha eile ar an margadh a chinneadh, ní mór go mbeadh an chumhacht sin faoi réir critéar atá oiriúnach lena chinntiú go bhfuil siad trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach. Cinneadh go raibh FIFA agus UEFA ag baint mí-úsáid as an mórchumhacht sin.

In **C-457/21p An Coimisiún Eorpach -v- Lucsamburg agus Amazon**, chinn an Coimisiún Eorpach gur tugadh Státchabhair de bhua rialú cánach a tugadh do Amazon ó údaráis Lucsamburg. D'éirigh le Amazon agus Lucsamburg an cás a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta ag féachaint leis an gcinneadh a chur ar

neamhní. Rinne an Coimisiún achomharc chuig CJEU. Rinne Éire idirghabháil chun tacú le Amazon agus Lucsamburg. Bhreithnigh an Chúirt, i gcomhréir le hargóint na hÉireann, maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, lena bhféachtar le measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar idirbhearta laistigh den ghrúpa i gcomhréir le dálaí margaidh, nach ann dó ar bhonn neamhspleách i ndlí an AE agus nach bhféadfadh an Coimisiún brath air ach amháin sa chás go ndéantar é a chur san áireamh sa dlí cánach náisiúnta lena mbaineann.

Tá ról an ODP i ndáil le reachtaíocht an AE ina ghné ríthábhachtach dá cuid oibre. Cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag reachtaíocht áirithe AE agus nach gá, dá bhrí sin, í a ionchorprú i ndlí na hÉireann i gcónaí, ní mór Teoracha, go háirithe, a chuimsíonn cuid mhór de reachtaíocht an AE, a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann trí reachtaíocht intíre, phríomhúil nó thánaisteach. Dá réir sin, is gá a chinntiú go ndéantar treoracha a thrasuí ar bhealach a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla an AE go hiomlán agus, i ndáil le trasuí áirithe, cuireann an ODP seirbhís dréachtaithe ar fáil do chliant-Ranna ina leith sin. D'oibrigh an ODP le cliant-Ranna chun a chinntiú gur chomhlíon gach trasuí isteach i ndlí na hÉireann de bhearta an AE (amhail Treoracha nó Rialacháin), a bhí á lorg ag cliaint ceanglais dhlíthiúla an AE.

Cuspóir 6: Feabhas a chur ar eolas cliant ar sheirbhísí na hOifige agus rochtain ar na seirbhísí sin

Thacaigh gníomhartha faoin gcéad Sprioc Straitéiseach eile (Caidrimh a Chothú) leis an gcuspóir seo freisin.

Thug an Oifig Sraith Léachtaí Dlí d'oifigigh i Ranna Rialtais chun eolas a thabhairt d'oifigigh maidir le struchtúr chóras dlí na hÉireann agus maidir le topaicí ábhartha ar nós forálacha barrtháibhachtacha an Bhunreachta agus an ról atá ag an Reachtas. Tríd an tSraith Léachtaí Dlí, spreagtar rannpháirtíocht dhearfach idir an Oifig agus oifigigh Ranna agus tugtar mionsonraí maidir leis an leibhéal seirbhíse, idir sheirbhís chomhairleach agus dréachtaithe, a chuireann an Oifig ar fáil. Mar gheall ar rannpháirtíocht ODP sa tionscnamh, cuireadh deiseanna ar fáil chun Ranna a threorú tuilleadh i ndáil leis na buntáistí suntasacha a bhaineann le beartas agus treoracha dréachtaithe atá saothraithe go iomlán i dtaca le níos lú moilleanna agus bac a bhaint amach maidir le tionscadail dréachtaithe a chur ar fáil laistigh d'amlínte riachtanacha. Chomh maith leis sin, thacaigh an tionscnamh seo le Cuspóir 2 de Sprioc Straitéiseach 2 maidir leis an ardán eolais a ardú do chliaint.

Chomh maith leis sin, rinne ODP cuir i láthair don Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an bpróiseas reachtach agus maidir le trasuí ionstraimí AE i ndlí na hÉireann, chun cuidiú

leis an Roinn sin ina cuid oibre i ndáil le beartas agus treoracha dréachtaithe a cheapadh maidir le reachtaíocht mholta.

Thacaigh OPAS i gcónaí le rochtain ar sheirbhísí na hOifige trí thacú le hoiliúint agus rannpháirtíocht cliant maidir leis an réimse disciplíní dlí. Cuireadh tús le seoladh an tSeisiúin Eolais do Chliaint ("Athbhreithniú OPAS") i mí na Samhna 2023 d'fhonn aird cliant a dhíriú ar obair OPAS agus an fháil atá acu uirthi a mhéadú.

Cuspóir 7: Prionsabail Dlíthíochta an Stáit a bhunú a ndéanfaidh an Stát iarracht seasamh leo mar dhlíthí in imeachtaí dlí

Sheol an tArd-Aighne na Prionsabail Dlíthíochta Stáit i mí an Mheithimh 2023. Aithnítear leis an 15 Prionsabal an riachtanas gur chóir don Stát gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, sa tuiscint leathan den leagan cainte, maidir le tabhairt faoi dhlíthíocht agus ba chóir breithniú a dhéanamh ar an leas poiblí níos leithne sula nglactar céimeanna nóis imeachta sa dlíthíocht. Tá feidhm ag na Prionsabail i gcás ina dtugann an Stát, tríd an Rialtas, Aire Rialtais, Roinn Stáit nó gníomhaireacht arna rialú go díreach ag Roinn Stáit, faoi dhlíthíocht. Den chéad uair, trí na Prionsabail seo, cuirtear in iúl go soiléir na caighdeáin don Stát agus dá chuid dlíodóirí maidir le himeachtaí dlí a stiúradh.

Níl sé i gceist leis na Prionsabail athrú ó bhonn a dhéanamh ar an dóigh a stiúrann an Stát dlíthíocht agus bíonn go leor díobh á gcur i bhfeidhm go laethúil ag oifigigh agus dlíodóirí cheana féin le linn dóibh dlíthíocht a bhainistiú thar ceann an Stáit. Is é an cur síos is fearr a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na Prionsabail gur códú agus ráiteas poiblí atá iontu maidir leis an dea-chleachtas reatha. Táthar ag súil go gcuideoidh na Prionsabail le hoifigigh agus dlíodóirí a ghníomhaíonn ar a son, maidir le cloí leis na hardchaighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ón Stát; go gcuideoidh siad le míniú a thabhairt ar chur chuige an Stáit i leith na dlíthíochta agus go gcothófar tuiscint níos fearr faoi mar a fhreastalaíonn an Stát ar leas an phobail nuair atáthar i mbun dlíthíochta agus go leagfar síos sampla agus go léireofar an dea-chleachtas do dhreamanna eile.

Is iad na Prionsabail ná:

1. Imeachtaí dlíthiúla a sheachaint más féidir
2. Déileáil go pras le héilimh
3. Déileáil go héifeachtúil le dlíthíocht
4. Príomhchásanna a shainaithint nuair is ann do shraitheanna iolracha imeachtaí maidir leis an tsaincheist chéanna dhlíthiúil
5. Costais dhlíthiúla a íoslaghdú i gcás na bpáirtithe go léir

6. Ofrálacha réitigh, tairiscintí nó taiscí
7. Gníomhú go hionraic
8. Follasú a dhéanamh i gcomhréir leis an dea-chleachtais
9. A bheith comhsheasmhach maidir le gach éileamh
10. Gan buntáiste a bhreith ar dhlíthithe a bhfuil acmhainní tearca acu
11. Imeachtaí a chosaint de réir leasanna an cheartais
12. Gan achomharc a dhéanamh mura rud é go bhfuil ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis an achomharc nó go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail achomharc a dhéanamh
13. Tionscnamh imeachtaí i gcoinne Roinn eile Stáit nó Comhlacht eile Stáit a sheachaint
14. Féachaint le costais éilitheora a chomhaontú gan aon ghá le breithniú foirmiúil
15. Leithscéal a dhéanamh i gcás ina ngníomhaíonn an Stát ar bhealach neamhdhleathach

Chun cuidiú leis na Prionsabail a chur i bhfeidhm, dhréachtaigh OPAS Prótacal, ina leagtar amach na gníomhartha a dhéanfaidh OPAS agus an cliant d'fhonn cloí leis na Prionsabail le linn na himeachtaí a bhainistiú agus a stiúradh, ar trí sin a chuirtear le tuiscint an chliaint maidir lena ról i ndáil leis na prionsabail seo a chur i bhfeidhm. Leathadh amach seisiúin faisnéise chuig cliant-Ranna chun cuidiú leis an bpróiseas seo agus tiocfaidh tuilleadh sna sála air sin.

Cuireadh na prionsabail maidir le Dlíthíocht Stáit i bhfeidhm i dtaca leis na comhaid dlíthíochta ar fad go háirithe trí úsáid a bhaint as sásraí idirghabhála agus/nó sásraí eile maidir le réiteach díospóidí nuair is cuí d'fhonn teacht ar réiteach nó na costais dlíthíochta a íoslaghdú.

Sprioc Straitéiseach 2: Caidrimh a fhorbairt

An bealach ina n-oibrímid agus ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil a fheabhsú trí chaidrimh mhaithe a fhorbairt go hinmheánach agus go seachtrach

Tugann roinnt de na samplaí a chuirtear i láthair aghaidh ar níos mó ná cuspóir amháin faoin Sprioc Straitéiseach seo, mar go gcabhraíonn gach cineál rannpháirtíochta agus comhoibrithe laistigh den Oifig agus ar fud an Rialtais le caidrimh a chothú ar bhealaí éagsúla Mar sin, ba cheart breathnú ar na samplaí léiritheacha faoi gach Cuspóir mar shamplaí a fhreastalaíonn ar ilchuspóirí agus nach bhfuil siad dírithe go heisiach ar an gCuspóir sin.

Cuspóir 1: Naisc níos láidre lenár gcliaint agus lenár bpáirtithe leasmhara a fhorbairt

Reáchtáil na hAbhcóidí Comhairleacha cruinnithe athbhreithnithe struchtúrtha le cliaint le linn 2023, chun plé a dhéanamh ar na forbairtí dlíthiúla agus polasaí ba thábhachtaí a raibh cliant-Ranna ag déileáil leo agus chun tabhairt faoi phleanáil chun cinn.

Chuaigh ODP i dteagmháil go cuiditheach le cliant-Ranna ag gach céim den phróiseas dréachtaithe ar mhaithe le caighdeán na dréachtreachtaíochta a chinntiú. Chomh maith leis sin, d'oibrigh sé i gcomhar leis na hAbhcóidí Comhairleacha, agus nuair ba ghá, leis an Ard-Aighne, chun saincheisteanna dréachtaithe nó dlíthiúla a aithint agus a réiteach, lena n-áirítear saincheisteanna dlíthiúla de chineál casta agus úrnua. Neartaigh rannpháirtíocht sna fóraim thras-rannacha seo caidrimh le cliaint agus caighdeán na seirbhíse dréachtaithe a chuirtear ar fáil ón ODP.

Lean an Oifig (agus go háirithe ODP agus an tAonad TFC) de chaidreamh láidir oibre a chothú le Tithe an Oireachtais maidir leis an tionscadal Reachtra. Is comhthionscadal é seo chun bogearraí nua a fháil chun éascaíocht a dhéanamh ar reachtaíocht a dhréachtú, a leasú agus a fhoilsiú.

D'fhreastail ODP ar líon comhdhálacha chun caidreamh a chothú le cliant-Ranna agus páirtithe leasmhara (lena n-áirítear, mar shampla, Comhdháil bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim um Sheirbhísí Reachtaíochta, in éineacht le comhghleacaithe ó na hAbhcóidí Comhairleacha) agus tugadh cur i láthair do Chumann Abhcóidí Reachtaíochta an Chomhlathais maidir le heitic do dhréachtóirí parlaiminte a

chuireann seirbhísí dlí ar fáil don Rialtas. Ghlac ODP páirt i gcuairteanna staidéir comhalartacha lena macasamhlacha in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte in Albain, chun naisc a neartú agus eolas a dhoimhniú i leith cuir chuige dréachtaithe d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís a chuireann ODP ar fáil do chliant-Ranna.

D'oibrigh na hOifigigh um Chaidreamh le Cliaint in OPAS i gcomhar le cliaint chun obair atá idir lámha, treochtaí agus ceisteanna píblíne a athbhreithniú. Chuir OPAS ceardlanna oiliúna saincheaptha inmheánacha ar fáil do chliaint ó am go ham, chun cuidiú le seirbhísí dlí a chur ar fáil go héifeachtach. Rinne Príomh-Aturnae Stáit Cúnta ionadaíocht ar OPAS ar an nGrúpa Forfheidhmithe Éire ar son an Dlí agus rinne foireann bheag ionadaíocht ar OPAS ag Comhdháil Eadrána Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath. Thug sainaturnaetha Réadmhaoine léachtaí don Dioplóma um Thíolacadh Tráchtála ón Dlí-Chumann agus do Sheimineár Dlí Réadmhaoine Bliantúil an Dlí-Chumainn. Ghlac aturnaetha in OPAS páirt i líon Coistí Dlí-Chumain nuair a bhain na réimsí cleachtais le hábhar na hOifige agus le leasanna ár mboinn chliaint.

Cuspóir 2: An t-ardán eolais dár gcliaint a mhéadú

Reáchtáil OPAS an chéad Comhdháil Dlí um Sholáthar Poiblí ar an 11 Deireadh Fómhair 2023 ("Dálaí Praiticiúla i dtaca le Soláthar") a ndearna an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála óstáil uirthi agus ar ghlac cliaint go maith léi.

Chomh maith leis sin, reáchtáil OPAS an dara Chomhdháil Bhliantúil do Chliaint ar an 11 Samhain 2023 i dTeach Farmleigh. D'fhreastail toscairí sinsearacha do chliaint ó Ranna agus Oifigí lárnacha an Rialtais ar an gcomhdháil, dar teideal "Prionsabail i gCleachtas". Le linn na comhdhála, tugadh aghaidh ar thrí mhórghné de chleachtas dlí an Stáit, agus thug aturnaetha sinsearacha OPAS cuir i láthair maidir le gach aon cheann díobh i gcomhthéacs théama fhoriomlán an lae.

I gcaitheamh na bliana, sheol OPAS Feasachán Eolais do Chliaint ("Athbhreithniú OPAS"), ar foilseachán ráithiúil nua atá ann atá leagtha amach go sonrach dár gcliaint ina bhfuil nuashonruithe maidir le cásanna a raibh baint ag an Stát leo, míniúchán OPAS agus nuacht ábhartha eile.

Thug OAA Sraith Léachtaí Dlí d'oifigigh i Ranna Rialtais chun eolas a thabhairt d'oifigigh maidir le struchtúr chóras dlí na hÉireann agus maidir le topaicí ábhartha ar nós forálacha barrtháBhachtacha an Bhunreachta agus an ról atá ag an Reachtas.

Cuspóir 3: Rannpháirtíocht luath le cliaint a chur chun cinn

Chuaigh ODP i dteagmháil le Ranna le linn réamh-phleanáil an chláir reachtaíochta agus le linn gach céim den phróiseas dréachtaithe d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach ina gcuid idirghníomhaíochtaí. Spreagadh Ranna dul i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht ag céim luath i bhforbairt tograí reachtacha agus le Ranna eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag na tograí ar a sainchúram. Chuaigh ODP i dteagmháil le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna a bhaineann leis an bpróiseas reachtach.

Trí na hOifigigh um Chaidreamh le Cliaint agus na foirne díograiseacha, rinneadh rannpháirtíocht luath le OPAS maidir leis na seirbhísí dlí a bhí ag teastáil do thionscadail bharrthábhachtacha nó chun measúnú luath a dhéanamh ar straitéis dlíthíochta a spreagadh go gníomhach. Rinneadh cruinnithe rialta idir aturnaetha agus cliaint maidir le stádas ceisteanna dlí agus réamhaisnéisiú píblíne amach anseo a chur chun cinn agus a spreagadh, a rinne tairbhe do OPAS agus dá cuid cliant araon.

Cuspóir 4: Naisc a láidriú le hAbhcóidí Comhairleacha Iasachtaithe agus le hAturnaetha Stáit Iasachtaithe

Tá Clár Iasachta na hOifige ag leathnú i gcónaí ar fud mórán Ranna agus thacaigh an Oifig le méadú na nAonad Dlí i Ranna le hAbhcóidí Comhairleacha le taithí ar iasacht chun Aonaid Dlí intí a threorú agus a bhainistiú.

Leanadh ar aghaidh le forbairt naisc láidre leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus na hAonaid Dlí i Ranna. Tá Abhcóide Comhairleach ag leibhéal Rúnaí Cúnta ina gcathaoirleach ar Scáth-Ghrúpa Oibre ar Iasacht a chuir tacaíocht ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht; d'eagraigh siad oiliúint agus forbairt ar réimsí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do dhlíodóirí Rialtais intí trí Chlár Oiliúna an Chláir Iasachta; thacaigh siad agus d'oibrigh siad le líonra na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht; agus thuairiscigh siad go rialta do Choiste Bainistíochta na hOifige. Bhuail grúpaí d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht leis an Ard-Aighne i rith na bliana chun feidhmiú an chláir iasachta a phlé. Bhuail an tArd-Stiúrthóir go tréimhsiúil le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht, mar aon leis an Abhcóide Comhairleach a rinne maoirseacht ar an gclár iasachta.

D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht ar chruinnithe ginearálta d'Abhcóidí Comhairleacha agus ar imeachtaí oiliúna agus bainistithe eolais san Oifig, lena n-áirítear an Chomhdháil Bhliantúil Iasachtaithe, agus bhí rochtain acu ar sheirbhís Leabharlainne agus Feasa Gnó an OAA de réir mar ba ghá.

Mar chuid den chlár iasachta, soláthraíonn an OPAS tacaíocht ionduchtúcháin d'Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht agus iad ag glacadh le róil ina Ranna sannta.

Chomh maith le comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha laistigh den Oifig (agus le OPAS de réir mar is cuí) maidir le seirbhísí comhairleacha dlíthiúla a sholáthar do chliant-Ranna agus do chliant-ghníomhaireachtaí, thug Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht comhairle freisin ar roinnt nithe suntasacha ar fud raon réimsí polasaí agus oibriúcháin na Ranna a bhfuil siad sannta dóibh. Áiríodh leis sin tionscnaimh, mar shampla, chun tacú le tithíocht a sholáthar, comhairle a thabhairt maidir leis na ceanglais chóiríochta do náisiúnaigh na hÚcráine, agus dlí comhshaoil an AE a chur i bhfeidhm.

Rinneadh an tsraith léachtaí inmheánacha maidir le dlí an AE, ar fóram atá ann lena chinntiú go mbeadh comhghleacaithe coinnithe ar an eolas faoi shaincheisteanna dlí reatha an AE trí óráidí ardleibhéil a eagrú a dhéanann comhghleacaithe, saineolaí seachtracha ón mBarra, lucht na hacadúlachta agus comhlachtaí Eorpacha (e.g. Comhairle na hEorpa) a athbhunú. Cuimsíonn an tsraith léachtaí dlí AE comhghleacaithe ó ODP agus ón taobh comhairleach, lena n-áirítear comhairleoirí dlí ar iasacht agus tríd an tsraith, cuirtear le comhoibriú eatarthu. Chomh maith leis sin, reáchtáladh comhdháil leath lae RGE/OAA maidir le saincheisteanna dlí AE agus Idirnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar chomhar agus comhoibriú idir an dá oifig dlí agus chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chliaint.

Rinne OPAS monatóireacht ar eispéireas iasachtaí sinsearach a tugadh ar iasacht do chliant-Roinn bharrthábhachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na naisc oibríochta agus chaidrimh a dhéanfadh an tairbhe is fearr don chliant agus don eispéireas ar iasacht agus don Oifig maidir lena straitéis don todhchaí. Chuir Oifigigh OPAS um Chaidreamh le Cliaint iad féin ar fáil de réir mar ba ghá chun tacú leis an Líonra Iasachtaithe agus chuir siad seisiúin eolais ar fáil maidir le príomhréimsí na hoibre idirbheartaíochta in OPAS d'iasachtaithe nua.

Cuspóir 5: Cumarsáid agus comhoibriú a laidriú ar fud na hOifige

Mar gheall ar an gcineál oibre faoina dtugtar san Oifig, tá gá le comhoibriú leanúnach agus fairsing ar fud na hOifige. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis seo i dtaca le dlíthíocht Stáit ina n-oibríonn Abhcóidí Comhairleacha agus OPAS i ndlúthchomhar lena chéile agus i dtaca le dréachtú reachtaíochta, inar chomhoibrigh ODP le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht i gcliant-Ranna maidir le Cinn Scéimeanna Ginearálta le haghaidh dréachtreachtaíochta agus réamhshaincheisteanna dlí a thagann chun cinn i gceapadh Ceann nua agus chuaigh sí i gcomhairle le hAbhcóidí Comhairleacha san Oifig freisin maidir le saincheisteanna

dlí a thagann chun cinn i ndréachtú reachtaíochta. Chomh maith leis sin, nuair is cuí, bíonn comhoibriú le comhghleacaithe ar fud na hOifige i gceist trí rannpháirtíocht ar choistí inmheánacha éagsúla san Oifig.

Sprioc Straitéiseach 3: Acmhainn a fhorbairt

A bheith inár n-oifig chomhaimseartha, shofhreagrúil agus fhuinniúil dlí agus acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lenár gcliaint agus ár bhfoireann

Cuspóir 1: Réitigh TFC a sholáthar chun tacú lenár bhfoireann an leibhéal riachtanach seirbhíse a chur ar fáil dár gcliaint

Lean na hAonaid TFC ar aghaidh ag comhdhlúthú, ag leathnú agus ag tacú le bonneagar TFC na hOifige le linn 2023 lena chinntiú gur thacaigh sé leis an Oifig go héifeachtach i ndáil lena cuid seirbhísí a chur ar fáil do chliaint. Chomh maith leis sin, tacaíodh le córais chianrochtana i gcaitheamh na bliana.

D'oibrigh Aonad TFC OAA i ndlúthchomhar i gcónaí mar chomhpháirtithe le Tithe an Oireachtais freisin maidir leis an tionscadal Reachtra, de réir mar a luadh níos túisce sa tuarascáil seo.

Lean OAA ar aghaidh ag cur feabhas ar ghabháil, roinnt agus inrochtaineacht an fheasa gnó dhlíthiúil trí fhorbairt agus cur chun cinn leanúnach bhunachar sonraí an fheasa gnó dhlíthiúil. Tairgeadh oiliúint do gach ball foirne dlí nua ar an bpríomhbhunachar sonraí seo mar chuid den chlár ionduchtúcháin a chuir an tSeirbhís Leabharlainne & Taighde ar fáil. Tairgeadh oiliúint athnuachana rialta freisin don fhoireann reatha mar chuid de chlár bliantúil oiliúna scileanna faisnéise na Seirbhíse Leabharlainne & Taighde.

Fuair Seirbhís Eolais & Faisnéise OPAS córas nua bainistithe leabharlainne chun bainistiú a dhéanamh ar a hacmhainní leabharlainne agus feasa gnó. Tríd an gcóras nua, feabhsaítear an rochtain atá ar na hacmhainní sin, trí thacú le hailtireacht faisnéise athbhreithnithe agus trí fheidhm cuardaigh iomasach agus éifeachtach a chur ar fáil.

Cuspóir 2: Foireann den scoth a earcú agus a choinneáil

Tá deacrachtaí ag an Oifig, ar nós go leor eagraíochtaí eile sa státseirbhís, i ndáil le baill foirne a earcú i margadh atá an-iomaíoch. Agus aird á tabhairt air sin, in 2023, ghlac Aonad AD OAA, i gcomhar le bainisteoirí sinsearacha san eagraíocht, páirt i

seimineáir faisnéise in Óstaí an Rí agus Comhairle Bharra na hÉireann. Cuirfear leis na tionscnaimh faisnéise seo le linn na bliana 2024.

Bunaíodh Aonad nua um Fhoghlaim agus Forbairt i mí Mheán Fómhair 2023. Mar aon le bheith freagrach as Foghlaim agus Forbairt OAA a chur ar fáil, leagtar de chúram air freisin a tionscnaimh chomhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a fhorbairt agus a neartú.

Mar chuid de bhealaí nua earcaíochta a fhorbairt, in 2023, ghlac OPAS páirt i Scéim Printíseachta TFC OPOFR, trí bheirt phrintíseach TFC a fhostú, chun tacú le hinniúlachtaí TFC a fhorbairt in OPAS agus sa Státseirbhís i gcoitinne. Chomh maith leis sin, d'fhostaigh OPAS cúigear oiliúnaithe mar chuid dá chlár Aturnaetha faoi Oiliúint.

Mar chuid d'infheistíocht a dhéanamh i mbaill foirne, in 2023, ghlac OPAS páirt i gClár an Choimisiúin Eorpaigh um Shaineolaithe in Oiliúint Ghairmiúil (NEPT), agus tacaíodh le forbairt acadúil na mball foirne trí Scéim Aisíocaíochta Táillí OPAS.

Cuspóir 3: Cultúr rialachais agus bainistíochta riosca na hOifige a fheabhsú

Le linn 2023, lean Comhchoiste Bainistithe Riosca OAA/OPAS ar aghaidh ag teacht le chéile go rialta agus ag cur a gclár oibre chun cinn, lenar áiríodh maoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú rialta a dhéanann na bainisteoirí ábhartha ar fad ar rioscaí.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire agus thug iniúchóirí inmheánacha na hOifige faoi chlár iniúchtaí inmheánacha (a cuireadh amach ar conradh chuig gnólacht seachtrach).

Cuspóir 4: Éifeachtúlachtaí a mhéadú i ndáil lenár seirbhísí a sholáthar

Lean an Oifig uirthi ag pleanáil do riachtanais chóiríochta amach anseo dá feidhmeanna atá lonnaithe i Sráid Mhuirfean, ag measúnú agus ag cur chun cinn deiseanna chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an spás teoranta atá ar fáil don Oifig. Chuaigh an OPAS i dteagmháil leis an OOP maidir le pleananna chun cóiríocht oifige an OPAS (atá scaipthe thar dhá fhoirgneamh faoi láthair) a athlonnú go foirgneamh nua i Margadh na Feirme.

Rinneadh athbhreithniú rialta ar bhallraíocht agus ar chliant-Ranna na gceithre ghrúpa de Dhréachtóirí Parlaiminte ag féachaint do scaipeadh saineolais, do luaineachtaí na hoibre, d'fhorbairt a gcuid scileanna agus taithí agus don ghné chomhoibríoch a bhaineann le tionscadail dréachtaithe áirithe.

Rinne Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte nuashonrú ar a saineolas ar réimsí ábhartha an dlí trí thaighde, meantóireacht agus ionduchtú, freastal ar chomhdhálacha, oiliúint agus forbairt, chomh maith le cruinnithe dlíthiúla rialta intí inar chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlíthiúla reatha i láthair.

Ar mhaithe leis an ngealltanas i Ráiteas Straitéise na hOifige a chur chun cinn maidir le seirbhís eagarthóireachta Reachtach a athbhunú chun tacú le hobair na hOifige i ndáil le dréacht-reachtaíocht, bunaíodh an tAonad um Eagarthóireacht Reachtach sa cheathrú ráithe den bhliain 2023. Ag obair laistigh de phróisis dearbhaithe cáilíochta ODP, rinne an tAonad um Eagarthóireacht Reachtach athbhreithniú mhionchúiseach, le linn na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, ar dhréacht-reachtaíocht i dtaca le cruinneas gramadúil agus dlíthiúil, soiléire agus comhsheasmhacht.

Choinnigh an Oifig ar an eolas faoi fhorbairtí i ngnólachtaí dlí eile, lena n-áirítear gnólachtaí dlí príobháideacha, agus go háirithe na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí dlí ar ardchaighdeán a sholáthar do chliaint. Áiríodh leis sin coinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i dtimpeallacht oifigí dlí, páirt a ghlacadh i Líonra Bainistithe Eolais agus féachaint le dea-chleachtas reatha a chur i bhfeidhm san Oifig.

Sprioc Straitéiseach 4: Tacú lenár bhfoireann

Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann ionas gur féidir leo feidhmiú de réir bharr a gcumas agus oibriú go héifeachtach i gcomhar lena chéile chun seirbhís den scoth a sholáthar dár gcliaint

Cuspóir 1: Cultúr a chur chun cinn ina léirítear meas, dínit, comhionannas agus éagsúlacht san ionad oibre

Ag teacht lena fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Oifig tiomanta d'éagsúlacht san ionad oibre a mhéadú, chomh maith le tacú le cuimsiú sóisialta.

In 2023, reáchtáil OAA, CAD, OPAS agus OSIP clár intéirneachta dlí. Bhí an clár oscailte do mhic léinn atá sa bhliain deiridh de chláir céime sa dlí agus a chuaigh isteach in Institiúid Ardoideachais i bPoblacht na hÉireann trí bhealach rochtana nó atá cláraithe leis an tSeirbhís Taca um Míchumas ina n-institiúid.

I mí na Samhna 2023, reáchtáil OAA a chéad Chlár Idirbhliana. Ba é ceann de na príomhchuspóirí a bhí leis an gClár Idirbhliana ná taithí a chur ar fáil do dhaltaí ó thrasghearradh níos leithne den tsochaí faoi mar a oibríonn an Oifig, ó thaobh cúrsaí dlí agus cúrsaí corparáideacha/riaracháin araon. Agus aird á tabhairt air sin, chuaigh OAA i gcomhpháirtíocht le trí scoil maidir lena clár Idirbhliana. Bhí péire de na scoileanna seo ina gcuid de Chlár DEIS ón Roinn Oideachais. Chomh maith leis sin, chinn OAA dul i gcomhpháirtíocht le Gaelcholáiste, chun tacú lena tiomantas d'fhorálacha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

Óstáladh cainteanna san Oifig maidir le líon topaicí maidir le hilchineálacht inar díríodh ar mheabhairshláinte, feasacht ilchultúrtha, feasacht LADTA+ agus freagrachtaí cúraim. Áiríodh leis na tionscadail tacaíocht leanúnach d'imeachtaí an Líonra LADTA+, oiliúint maidir le hIonchuimsiú Comhfhiosach agus Meas don bhainistíocht agus baill foirne agus oiliúint maidir le Teagmhálaí um Fhoréigean Baile do bhaill foirne AD. Chomh maith leis sin, leagadh de chúram ar an Aonad um Fhoghlaim agus Forbairt nuabhunaithe in OAA a tionscnaimh EDI a fhorbairt agus a neartú.

Aistríodh líon foilseacháin chorparáideacha go Gaeilge le linn 2023 lena bhfoilsiú go comhuaineach ar láithreáin ghréasáin na nOifigí agus tháinig líon beag ceisteanna i nGaeilge isteach san Oifig ar dhéileáil an Oifig leo.

Cuspóir 2: Barr feabhais a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistiú feidhmíochta agus forbairt

Téann gach ball foirne i mbun CBFF agus spreagtar iad chun tabhairt faoi bhreisoideachas chomh maith le hoiliúint a bhaineann go sonrach lena ról chun a gcumas a fheabhsú chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar don Oifig. Freastalaíonn baill foirne ar fud na hOifige raon leathan d'imeachtaí oiliúna, laistigh agus lasmuigh den Oifig araon, lena n-áirítear cúrsaí foirmiúla a mbaineann cáilíochtaí ábhartha leo. Áirítear leis na tacaíochtaí atá ar fáil d'oifigigh an Scéim Aisíocaíochta Táillí agus buiséad tiomnaithe Foghlama agus Forbartha. Mar a luadh níos túisce, bunaíodh Aonad tiomnaithe um Fhoghlaim agus Forbairt in OAA.

Reáchtálann an Oifig cláir mheantóireachta ar fud a cuid oifigí. Tá na cláir deartha chun cabhrú le caidrimh a chothú, acmhainn a chothú, tacú lenár ndaoine agus ar deireadh thiar chun leas na gcliant. Rinneadh clár píolótach meantóireachta OAA a mheas in 2023 agus déanfar é a leathadh amach an athuair sa bhliain 2024.

Chomh maith leis sin, lean an Oifig uirthi ag tacú le deiseanna soghluaisteachta faoi Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse. Soláthraíonn an Scéim deiseanna do státseirbhísigh a gcuid scileanna agus forbairt gairme a leathnú agus ag an am céanna tacú le riachtanais ghnó eagraíochtaí na Státseirbhíse.

Sa bhliain 2023, rinne an Oifig clár nua oiliúna agus forbartha ceannaireachta do Dhréachtóirí Parlaiminte Cúnta (Grád I) (coibhéis PO) a leathadh amach. Reáchtáladh trí sheisiún oiliúna do ghrúpaí agus dhá sheisiún d'oiliúnaithe aonair do gach aon rannpháirtí i gcaitheamh na bliana.

In 2023, thug OPAS isteach roinnt tionscnaimh AD chun tacú le barr feabhais trí cheannaireacht, lenar áiríodh trí Chomhpháirtí Gnó AD a thabhairt isteach chun tacú le Bainisteoirí Daoine agus leis an mBord Bainistíochta. Chomh maith leis sin, rinne OPAS Oiliúint maidir le Daoine & Feidhmíocht a Bhainistiú do Bhainisteoirí Daoine a leathadh amach de bhreis ar Oiliúint maidir le Dínit san Áit Oibre & Iomchuimsiú Comhfhiosach. Le tacaíocht ó chomhghleacaithe i SCFS, reáchtáil OPAS Cruinnithe Ciorcail do Bhainisteoirí Daoine arna éascú ag SCFS.

Mar chuid d'fhorbairt ceannaireachta, ghlac Bainisteoir Sinsearach amháin ó OAA agus Bainisteoir Sinsearach amháin ó OPAS páirt i gClár um Cheannaireacht

Shinsearach ó SPS. Ghlac beirt bhainisteoirí sinsearacha ó OAA agus ceann amháin ó OPAS páirt i gClár um Cheannaireacht PO ó SPS. Chomh maith leis sin, chuir OPAS tús le Cóitseáil Foirne Feidhmiúcháin SPS trí é a chur ar bun ar bhonn píolótach i Rannán amháin.

In 2023, reáchtáil OPAS arís eile a searmanas um Ghradaim Aitheantais do Bhaill Foirne. Is gradam aitheantais idir phiaraí é seo, agus is leis an tionscnamh a thugtar aitheantas do dhaoine aonair agus foirne a bhí ar thús cadhnaíochta i ndáil le luachanna OPAS a léiriú.

Cuspóir 3: Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann trí ardchórais bainistíochta eolais

Lean Seirbhís Leabharlainne & Taighde OAA de sheirbhís taighde agus faisnéise réamhghníomhach agus tráthúil a chur ar fáil in 2023. Infheistíodh níos mó acmhainní chun rochtain ar ríomhleabhair a chur ar fáil chun freastal ar bhaill foirne atá ag obair go cianda. Bhí rochtain ar na hacmhainní seo ar fáil freisin d'fhoireann Chomhairleach ar Iasacht. Cuireadh roinnt seirbhísí feasachta reatha ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta i rith 2023.

Lean blag dlí (inmheánach) OAA ag feidhmiú mar uirlis bainistithe eolais dhlíthiúil do OAA, trí phostálacha ar raon leathan ábhar dlí ó bhaill foirne OAA (Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht san áireamh). Tháinig Coiste gníomhach Blag Dlí ar a raibh foireann Shráid Mhuirfean agus Abhcóidí Comhairleacha ar Iasacht le chéile go rialta chun an clár postálacha a moladh don bhlag a chur chun cinn.

Mar chuid de thiomantas leanúnach OAA do Bhainistiú Eolais, lean an Coiste BE i mbun oibre chun líon pointí gnímh a bheidh mar bhunús don chéad Stratéis Bainistithe Eolais eile den chuid OAA a fhorbairt.

Lean fóraim inmheánacha do chomhroinnt eolais dhlíthiúil (saincheisteanna dlí, saincheisteanna dlí an AE & Grúpa Soláthar Oiliúna & Grúpa Oiliúna ODP) d'fhoghlaim agus oiliúint dhlíthiúil leanúnach a sholáthar ar líne. Reáchtáladh deich n-imeacht ar raon leathan topaicí in 2023 agus bhí freastal mór orthu i bpearsa agus ar líne araon.

Le linn na bliana, lean Seirbhís Eolais & Faisnéise OPAS uirthi ag bainistiú faisnéis dhlíthiúil inmheánach agus sheachtrach OPAS, lena n-áirítear a seirbhís leabharlainne, acmhainní eolais agus a hinlíon corparáideach. Cuireadh seirbhísí leabharlainne, faisnéise dlíthiúla agus tagartha ar fáil d'fhoireann OPAS, ar an láthair agus go cianda. Leanadh le Feasachán Dlí inmheánach OPAS a scaipeadh ar gach ball

foirne dlí ar bhonn seachtainiúil. Ina theannta sin, d'oibrigh Seirbhís Eolais & Faisnéise OPAS i gcomhar le cleachtóirí chun acmhainní feasa gnó maidir le hábhair faoi leith a fhorbairt, i gcomhréir le Plean Straitéiseach OPAS do Bhainistiú Eolais 2021-2024.

Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB)

Déanann Grúpa eISB na hOifige maoirseacht ar tháirgeadh, ar bhainistiú agus ar nuashonrú leanúnach Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB). Is é atá i eISB ná taisclann ar líne reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí a uasdátaítear go tráthrialta agus atá ar fáil saor in aisce ag an bpobal tríd an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie. Déantar an tEolaire Reachtaíochta (ER), an t-innéacs atá ar fáil go poiblí a rianaíonn athruithe ar reachtaíocht phríomhúil (Achtanna) agus ar reachtaíocht thánaisteach (Ionstraimí Reachtúla) a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn rialta.

Cuimsíonn an ER táblaí do gach Acht i ndiaidh 1922 agus táblaí do gach Acht roimh 1922 atá fós i bhfeidhm. Áirítear ann freisin táblaí iomlána le haghaidh ionstraimí reachtúla agus éifeachtaí reachtacha atá déanta ag ionstraimí reachtúla ón dáta reatha a shíneann siar go dtí an 1 Eanáir 1972, agus táblaí neamhiomlána roimh an dáta sin.

Foilsítear téacs iomlán an Bhunreachta le naisc le hAchtanna leasaitheacha ar an eISB freisin. Leanann an eISB de naisc dhíreacha a sholáthar ó (a) Achtanna le hAchtanna Athbhreithnithe (comhdhlúthaithe riaracháin neamhoifigiúla atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) nuair atá siad ar fáil agus (b) ó Acht go dtí an Bille ábhartha atá suite ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais. I gcomhréir le prionsabail na sonraí oscailte, leanann an eISB de shonraí reachtaíochta príomhúla a chur ar fáil i bhformáid XML.

Cuireann an Oifig an tAitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER) i bhfeidhm tríd an eISB. Ceanglaíonn an AER ar Bhallstáit an AE sainaithint chaighdeánaithe ar líne na reachtaíochta agus airíonna meiteashonraí a úsáid ina ndéantar cur síos ar gach acmhainn dhlíthiúil, rud a chumasaíonn cuardach agus malartú faisnéise dlíthiúla atá éifeachtach, níos tapúla agus éasca le húsáid.

Cuspóir 4: Cothromaíocht dhearfach oibre is saoil a chur chun cinn

Tá an Oifig tiomanta do ghlacadh le deiseanna don chianobair agus obair chumaisc, chun Státseirbhís níos lúfaire agus níos freagrúla a chothú, agus caighdeáin láidre feidhmíochta agus ardleibhéil táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna.

Thugadh polasaí maidir le hobair chumaisc isteach in OAA i mí Aibreáin 2023. Ag deireadh na bliana 2023, chuir thart ar 64% de bhaill foirne iarratas isteach maidir le hobair chumaisc. Tá líon beag róil san Oifig nach bhfuil ach deiseanna teoranta i gceist leo chun obair chumaisc a dhéanamh mar gheall ar an chineál na hoibre.

In 2023, rinne OPAS socruithe athbhreithnithe maidir le hobair chumaisc a leathadh amach agus tugadh isteach fleisc-am in athuair freisin. Chomh maith leis sin, nuashonraíodh an Polasaí maidir le Comhroinnt Oibre agus rinneadh iarratais a athbhreithniú agus a chomhaontú ina dhiaidh sin.

Leathadh amach líon tionscnamh maidir le folláine saoil oibre sa bhliain 2023, lenar áiríodh, Feasachán Leictreonach maidir le Cumhacht na Folláine, Oiliúint Gharchabhrach do Mheabhairshláinte@Obair, go leor seisiúin fhoghlama Folláine One-Learning, lenar áiríodh Feasacht ar Fhoréigean Baile agus ar Dhrochíde Baile agus seisiúin faisnéise maidir le Meanapás.

D'oibrigh an Fhoireann Rannpháirtíochta Foirne agus na Foirne um Chomhionannas, Ilchineálacht agus Ionchuimsiú chun tacú le rannpháirtíocht agus forbairt chultúir comhoibríoch, measúil agus tacúil a chothú ar fud OPAS, lenar áiríodh seoladh an Líonra tacaíochta LADTA+ agus leanúint ar aghaidh leis an Tionscnamh 'Time to Read' ó bhaill foirne OPAS i scoil náisiúnta áitiúil. Le linn 2023, sheol OPAS tionscnamh barrthábhachtach do bhaill foirne – Tionscadal an Chéad Ghlúin Eile OPAS, chun í thabhairt ar aghaidh i dtreo an chéad 100 bliain eile di bheith ar an bhfód. Tá an tionscnamh le bheith ina chaibidil iontach do OPAS.

Ghlac OPAS páirt i nGradaim Dlí na hÉireann 2023 inar spreagadh baill foirne a gcuid éachtaí i gcaitheamh na bliana roimhe sin a chur i láthair. Ainmníodh OPAS i seacht gcatagóir agus d'éirigh le beirt gradam a bhuachan in dhá chatagóir:

- Foireann/Dlíodóir Dlí Chorparáidigh/Tráchtála na Bliana; agus
- Foireann Dlí/Dlíodóir Inmheánach na Bliana san Earnáil Phoiblí/sa Státseirbhís.

Cuspóir 5: Cleachtais oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn

Chuir OAA tionscnaimh éagsúla feasachta fuinnimh agus sábhála fuinnimh i bhfeidhm i rith na bliana, mar aon le socrú a dhéanamh le haghaidh roinnt oibreacha feabhsúcháin gaolmhara ar fhoirgnimh. Chuaigh siad i mbun an Chláir Fuinnimh ag an Obair de chuid OOP agus rinne siad monatóireacht ar úsáid fuinnimh san áitreabh. Bhunaigh siad coiste Fuinnimh/Glas OAA freisin agus bhunaigh siad leathanach ar inlíon na hOifige mar stór eolais chun gur féidir ábhar éifeachtúlachta

fuinnimh a scaipeadh ar an bhfoireann. Forbraíodh an Clár Taistil Níos Cliste agus leathadh é amach in OAA ar lena linn a tugadh isteach líon tionscnamh chun timaistriú gníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, chloígh OAA le Ciorclán 1/2020 maidir le hastaíochtaí a bhaineann le taisteal aeir oifigiúil a chúiteamh.

Bhunaigh OPAS Foireann Glas nua in 2023. Tá tionscnaimh ghlasa eile leagtha amach don bhliain 2024. Chuaigh OPAS i dteagmháil leis na soláthraithe ar fad i gcónaí maidir le tionscnaimh ghlasa agus leanadh de chláir éifeachtúlachta fuinnimh ar nós oibreacha uasghrádaithe ar shoilse na hoifige agus tionscnaimh feasachta, oiliúna agus meantóireachta le baill foirne barrthábhachtacha, go háirithe i ndáil le Córais Bainistithe Foirgnimh.

Ina theannta sin, i gcomhréir le straitéis an Rialtais maidir le digiteach ar dtús, agus mar chuid de ghlacadh le ríomhdhlithíocht, lean OPAS den chleachtas chun táirgeadh páipéarachais cruachóipe a laghdú i gcás inar cheadaigh cúinsí trí ríomh-mhionteagaisc a chur ar fáil.

In 2023, d'ídigh OAA:

- 309 MWh leictreachais
- 342 MWh d'ollbhreoslaí gáis nádúrtha
- 11 tona breoslaí in-athnuaite (sliseanna adhmaid)

In 2023, d'ídigh OPAS:

- 392 MWh leictreachais
- 496 MWh gáis

Cuspóir 6: Cumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú

Chomh maith le réimse imeachtaí oiliúna, foghlama agus forbartha intí, ar líne agus as líne araon, lean an Oifig uirthi ag athbhreithniú agus ag nuashonrú a modhanna cumarsáide agus a meán cumarsáide. Chomh maith leis na inlíonta inmheánacha faoi seach, úsáideadh raon fóram inmheánach chun eolas agus taithí a roinnt. Chuir aonaid chorparáideacha forbairtí in iúl go rialta maidir leis na tionscnaimh éagsúla a leagtar amach in áiteanna eile.

Bhí comhoibriú leanúnach i gceist leis seo, trí chomhroinnt eolais idir Oifigí, coistí CPD, tionscnaimh agus comhroinnt faisnéise níos fearr idir ár ndaoine i

mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an AE, institiúidí Eorpacha agus an Oifig i gcoitinne.

Cuid 3
Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2023

Billí Ginearálta Poiblí

- An Bille Leithreasa, 2023
- An Bille Carthanas (Leasú), 2023
- An Bille um Chosaint Shibhialta, 2023
- An Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta, 2023
- An Bille chun Onnmhairí a Rialú, 2023
- Bille na gCúirteanna, 2023
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Leanaí a Chur ag Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2023
- An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2023
- An Bille um Sheirbhísí Digiteacha, 2023
- An Bille fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, 2023
- An Bille Toghcháin (Leasú), 2023
- An Bille um Chostais Leictreachais (Bearta Éigeandála) i leith Cuntais Tí, 2023
- An Bille Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú), 2023
- An Bille Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Uasteorainn le hIoncaim Mhargaidh), 2023
- An Bille Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníoc Dlúthpháirtíochta Sealadach), 2023
- An Bille fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Giniúint Éigeandála Leictreachais) (Leasú), 2023
- An Bille Airgeadais, 2023
- An Bille Airgeadais (Uimh. 2), 2023
- Bille an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (Leasú), 2023
- An Bille Airgeadais (Ráthaíochtaí Stáit, Cistí de chuid Forais Idirnáisiúnta Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023
- An Bille Gáis (Leasú), 2023
- An Bille Sláinte (Leasú), 2023
- An Bille Sláinte (Seirbhísí Foirceanta Toirchis) (Criosanna Rochtana Sábháilte), 2023
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú), 2023
- Bille na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023

- An Bille Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023
- An Bille um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023
- An Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2023
- An Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2023
- An Bille Sláinte Poiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín), 2023
- An Bille um Chaingne Ionadaíocha chun Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023
- An Bille Leasa Shóisialaigh (Sochar Linbh), 2023
- An Bille um Leas Sóisialach agus um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023
- An Bille um Rialáil Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, Beatha Íocleasaithe agus Leasachán, 2023

Iarscríbhinn B

Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2023

Achtanna Ginearálta Poiblí

- An tAcht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia, 2023
- An tAcht Leithreasa, 2023
- Acht an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2023
- An tAcht um Chosaint Shibhialta, 2023
- An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023
- An tAcht chun Onnmhairí a Rialú, 2023
- Acht na gCúirteanna, 2023
- An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An tAcht um Chomhar Creidmheasa (Leasú), 2023
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta), 2023
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, 2023
- An tAcht Toghcháin (Leasú), 2023
- An tAcht um Chostais Leictreachais (Bearta Éigeandála) i leith Cuntais Tí, 2023
- An tAcht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Uasteorainn le hIoncaim Mhargaidh), 2023
- An tAcht Fuinnimh (Gnóchain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníoc Dlúthpháirtíochta Sealadach), 2023
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Giniúint Éigeandála Leictreachais) (Leasú), 2023
- An tAcht Airgeadais, 2023
- An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2023
- Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2023
- An tAcht Sláinte (Leasú), 2023
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2023
- Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023
- An tAcht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023
- An tAcht um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán, 2023
- An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) (Leasú), 2023

- An tAcht um Theagmhasacht Éigeandála Ola agus um Fheidhmeanna a bhaineann le Breoslaí Iompair Inathnuaite a Aistriú, 2023
- An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023
- An tAcht Sláinte Poiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín), 2023
- An tAcht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2023
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú), 2023
- An tAcht um Chaingne Ionadaíocha chun Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2023
- An tAcht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha, 2023
- An tAcht um Chiontóirí Gnéis (Leasú), 2023
- An tAcht Leasa Shóisialaigh (Sochar Linbh), 2023
- An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023
- An tAcht um Rialáil Táirgí Íocshláinte Tréidliachta, Beatha Íocleasaithe agus Leasachán, 2023
- An tAcht Fiadhúlra (Leasú), 2023
- An tAcht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023

Iarscríbhinn C

Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne

Toradh Sealadach 2023 agus Meastachán[1] do 2023 agus 2024

Meastachán agus Toradh Sealadach do 2023 agus Meastachán ar an méid a theastaíonn sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 do thuarastail agus do chostais Oifig an Ard-Aighne lena n-áirítear deontas.

	An tSeirbhís			**An tSeirbhís**		
	2023			**2024**		
	Riarachán	**Soláthar Measta**	**Toradh Sealadach**		**Riarachán**	**Soláthar Measta**
		€000	**€000**			**€000**
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	15,756	13,736	A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	16,185
A2 (ii)	Taisteal agus Cothabháil	240	133	A2 (ii)	Taisteal agus Cothabháil	260
A2 (iii)	Oiliúint & Forbairt & Costais Theagmhasacha	750	762	A2 (iii)	Oiliúint agus Forbairt	252
A2 (iv)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	125	97	A2 (iv)	Seirbhísí agus Soláthairtí Oibriúcháin agus Trealamh Éagsúil	730
A2 (v)	Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF	1,154	1,140	A2 (v)	Caiteachais Chaipitiúla Digiteacha agus Trealamh	2,198
A2 (vi)	Costais Áitribh Oifige	310	191	A2 (vi)	Costais Áitribh	450
A2 (vii)	Seirbhísí Comhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	35	24	A2 (vii)	Athbhreithnithe Beartais, Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Taighde	45
A2 (viii)	Saineolas Dlíthiúil Conartha	2,100	542	A2 (viii)	Saineolas Dlíthiúil Conartha	1,100
	Fo-iomlán	**20,470**	**16,625**		**Fo-iomlán**	**21,220**

	Seirbhísí eile					
	2023			**2024**		
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	58	68	A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	70
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2,883	2,548	A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	3,045
A5	Costais Ghinearálta Dlí	130	205	A5	Costais Ghinearálta Dlí	190
A6	Comhdhlúthú agus Athbhreithniú ar Dhlíthe Pleanála	4,000	832	A6	Comhdhlúthú agus Athbhreithniú ar Dhlíthe Pleanála	250
	Iomlán Comhlán	**27,541**	**20,278**		**Iomlán Comhlán**	**24,775**
	Le hAsbhaint				**Le hAsbhaint**	
B	Leithreasaí i gCabhair	705	668	B	Leithreasaí i gCabhair	722
	Iomlán Glan	**26,836**	**19,610**		**Iomlán Glan**	**24,053**

[1] Rinneadh roinnt athruithe ar struchtúr na bhfo-mhírcheann don bhliain 2024 le roinnt de na cuntais á n-ath-leithdháileadh idir na fo-mhírchinn A2 (iii), A2 (iv), A2 (v) agus A2 (vi). Chomh maith leis sin, rinneadh roinnt athruithe ar theidil na bhfo-mhírcheann mar léiriú ar na hath-leithdháiltí sin.

Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Toradh Sealadach 2023 agus Meastachán[2] do 2023 agus 2024

Meastachán agus Toradh Sealadach do 2023 agus Meastachán ar an méid a theastaíonn sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 do thuarastail agus do chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	An tSeirbhís			**An tSeirbhís**		
	2023			**2024**		
	Riarachán	**Soláthar Measta**	**Toradh Sealadach**		**Riarachán**	**Soláthar Measta**
		€000	**€000**			**€000**
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	26,676	25,567	A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	28,482
A2 (ii)	Taisteal agus Cothabháil	90	70	A2 (ii)	Taisteal agus Cothabháil	90
A2 (iii)	Oiliúint & Forbairt & Costais Theagmhasacha	1,038	1,248	A2 (iii)	Oiliúint agus Forbairt	440
A2 (iv)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	310	341	A2 (iv)	Seirbhísí agus Soláthairtí Oibriúcháin agus Trealamh Éagsúil	530
A2 (v)	Trealamh Oifige & Seirbhísí Seachtracha TF	1,005	1,100	A2 (v)	Caiteachais Chaipitiúla Digiteacha agus Trealamh	1,378
A2 (vi)	Costais Áitribh Oifige	250	200	A2 (vi)	Costais Áitribh	750
A2 (vii)	Seirbhísí Comhairleoireachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	100	215	A2 (vii)	Athbhreithnithe Beartais, Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Taighde	150
	Fo-iomlán	**29,469**	**28,741**		**Fo-iomlán**	**31,820**

	Seirbhísí Eile					
	2023			**2024**		
A3	Seirbhísí Dlí Seachtracha	220	225	A3	Seirbhísí Dlí Seachtracha	220
A4	Táillí Abhcóidí	19,500	19,500	A4	Táillí Abhcóidí	17,000
A5	Costais Ghinearálta Dlí	1,200	1,019	A5	Costais Ghinearálta Dlí	1,000
	Iomlán Comhlán	**50,389**	**49,485**		**Iomlán Comhlán**	**50,040**
	Le hAsbhaint				**Le hAsbhaint**	
B	Leithreasaí i gCabhair	891	1,336	B	Leithreasaí i gCabhair	1,144
	Iomlán Glan	**49,498**	**48,149**		**Iomlán Glan**	**48,896**

[2] Rinneadh roinnt athruithe ar struchtúr na bhfo-mhírcheann don bhliain 2024 le roinnt de na cuntais á n-ath-leithdháileadh idir na fo-mhírchinn A2 (iii), A2 (iv), A2 (v) agus A2 (vi). Chomh maith leis sin, rinneadh roinnt athruithe ar theidil na bhfo-mhírcheann mar léiriú ar na hath-leithdháiltí sin.

Iarscríbhinn D

Ráitis agus Tuarascálacha i leith Cleachtais Íocaíochta 2023

Oifig an Ard-Aighne

Ginearálta
Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

Íocaíochtaí Déanacha
Rinneadh íocaíochtaí iomlána de €2,541,376.85 in 2023 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

Tharla trí chás d'ús Íocaíochta Pras arbh ionann é agus €48.13 a tabhaíodh i rith na bliana.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa leo ó Eanáir go Nollaig 2023

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€2,541,376.85
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 ar fad)	Nialas
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€23,605.17
Luach na nÍocaíochtaí déanacha mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.93%
An líon Íocaíochtaí déanacha os cionn €320	3
An méid Úis a íocadh	€48.13
An méid Úis mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	.0019%
Meán léiriú ar fhad ama na moilleanna	6.66 lá

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ginearálta
Chomhlíon íocaíochtaí iomchuí a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

Íocaíochtaí Déanacha
Rinneadh íocaíochtaí iomlána de €4,467,037.22 in 2023 ó Vóta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

Tharla cúig chás d'ús Íocaíochta Pras arbh ionann é agus €1,238.57 a tabhaíodh i rith na bliana.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa leo ó Eanáir go Nollaig 2023

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€4,467,037.22
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 ar fad)	€1,571.64
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€15,148.16
Luach na nÍocaíochtaí déanacha mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.37%
An líon Íocaíochtaí déanacha os cionn €320	5
An méid Úis a íocadh	€1,238.57
An méid Úis mar % de na hÍocaíochtaí ar fad	0.0277%
Léiriú leathan ar fhad na moilleanna	24 lá

Iarscríbhinn E

Miondealú Foirne

	Fir	Mná	% Fir	% Mná
Ard-Rúnaí	1	2	33%	67%
Leas-Ard-Rúnaí	0	1	0%	100%
Rúnaí Cúnta	7	8	47%	53%
PO	24.8	50.6	33%	67%
POC	71.8	135.2	35%	65%
AOF (& AFD)	17.8	17.7	50%	50%
OR	3	3	50%	50%
OF	18	22.6	44%	56%
OFo (Feidhmeannach Dlí)	6	3.8	61%	39%
OC	37	67.43	35%	65%
Oifigeach Seirbhísí	4	0	100%	0%

Iarscríbhinn F

Staitisticí Saorála Faisnéise 2023

Iarrataí	
Iarrataí a fuarthas	30
Tugtha ar aghaidh ó 2022	1
Ceadaithe	5
Páirt-Cheadaithe	7
Diúltaithe	17
Aistrithe	1
Iarrataí nach raibh socraithe ag deireadh na bliana	1
Ailt den Acht a rabhthas ag brath orthu agus iarrataí á gceadú i bpáirt nó á ndiúltú	9, 15(1), 30(1), 32(1), 33(3), 35(1), 36(1), 37(1) agus 42(f).
Athbhreithnithe	
Athbhreithnithe Inmheánacha	1
Athbhreithnithe OCF	1
Táillí a fuarthas	€30
Cineál Iarrthóra	
Iriseoir	13
Oireachtas	0
Ball Foirne	2
Eile	15